

Caibidil 6

Straitéis Bonneagair

6.0 Réamhrá

Braitheann fás inbhuanaithe socheacnamaíoch an Chontae amach anseo ar an mbonneagar riachtanach uisce agus fuíolluisce a sholáthar agus a chinntiú go soláthraítear seirbhís ardchaighdeán iontaofa. Tá cur chuige atá á threorú ag plean de réir Straitéisí Tithíochta agus Lonnaithe agus Chroístraitéis an Chontae ag teastáil chun infheistíocht eacnamaíoch a fháil, pobail inbhuanaithe agus mhealltacha a chruthú agus chun tacú le forbairt an Chontae amach anseo.

I measc na bpríomhdhúshlán atá romhainn, caithfimid an cumas a chothú chun coinneáil suas le agus aghaidh a thabhairt ar éilimh bhonneagair an Chontae seo, Contae atá ag fás, fad a chosnaímid sláinte an phobail agus a dhéanaimid bainistíocht ar chosaint príomhacmhainní comhshaoil i gcomhthéasc aeráide atá ag athrú. I dtaca leis sin, ní mór don Chomhairle, in éineacht le gníomhaireachtaí agus údaráis eile, a chinntiú go ndéantar seirbhísí bonneagair a forbairt ar bhealach a thagann le chéile le agus a dhéanann éascaíocht ar forbairt fhisiceach chun cinnte a dhéanamh de go leanann an Chontae ag fás ó thaobh an gheilleagair de agus cóiríocht chónaitheach a sheachadadh do dhaonra atá ag fás.

Leagtar amach i gCaibidil 11 Caighdeán Bainistíochta Forbartha agus Cuspóirí Criosaithe Úsáide Talún riachtanais mhionsonraithe maidir le hábhar iarratas pleanála le haghaidh tionscadail bhonneagair.

Fís

"Seirbhísí uisce, fuíolluisce, uisce dromchla agus maolaithe tuilte a forbairt, a chosaint, a fheabhsú agus síneadh a chur leo ar fud an Chontae; agus tús áite a thabhairt do bhonneagar seirbhísí uisce a sholáthar chun an straitéis fhoriomlán i leith fás socheacnamaíoch agus daonra a chothú agus chun cur leis an straitéis sin, agus chun cosaint fheabhsaithe chomhshaoil a bhaint amach. Ní mór breathnú ar na feabhsuithe seirbhíse sin i gcomhthéacs aghaidh a thabhairt na cúiseanna leis an athrú aeráide tríd an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Ní féidir na riachtanais chomhshaoil sin a bhaint amach ach amháin le bearta éifeachtacha agus uailmhianacha sna hearnálacha ar fad agus beidh athrú soiléir iompraíochta ag teastáil inár sochaí."

6.1 Uisce Éireann

Ó glacadh le Plean Forbartha Contae na Mí 20, tháinig roinnt athruithe suntasacha ar an bhfreagracht as Seirbhísí Uisce in Éirinn. Bunaíodh Uisce Éireann (i mí Iúil 20) mar chuideachta leathstáit faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 20. Faoi Eanáir 2014, tháinig Uisce Éireann i gcomharbacht ar Údaráis Áitiúla mar an t-aon soláthraí seirbhísí uisce agus fuíolluisce amháin. Tá Uisce Éireann freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce poiblí a oibriú ar fud na tíre, lena n-áirítear pleanáil straitéiseach, forbairt beartas, soláthar seirbhíse, seirbhís do chustaiméirí agus pleanáil agus soláthar infheistíochta caipitil.

Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an rialtóir comhshaoil agus is é an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh (CER) an rialtóir eacnamaíoch agus seirbhísí do chustaiméirí a rialaíonn Uisce Éireann (GCC). Oibreoidh an Chomhairle go dlúth le hUisce Éireann chun eolas a chur ar fáil agus chun dul i bhfeidhm ar sholáthar tráthúil an bhonneagair laistigh den Chontae ar aon dul le Croístraitéis agus Straitéis Lonnaíochta an Phlean seo.

Tá conradh déanta leis an gComhairle go ndéanann sí bainistíocht agus cothabháil ar gach gné de sholáthar, oibriú agus cothabháil uisce agus fuíolluisce agus bainistíocht tionscadail caipitil sa Chontae, thar ceann Uisce Éireann¹.

Is í an Chomhairle an tÚdarás Uisce ainmnithe go fóill le haghaidh córais cóireála fuíolluisce tí aonair ar an láthair sa Chontae a mheasúnú agus a cheadú. Tá sí freagrach freisin as an gclár uisce tuaithe (scéimeanna grúpa, soláthairtí uisce rialaithe príobháideacha agus deontais tobar san áireamh), draenáil uisce dromchla, tuilte agus monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an uisce dromchla.

6.2 Seirbhísí Uisce

D'ullmhaigh Uisce Éireann Plean Straitéiseach na Seirbhísí Uisce (PSSU) in 2015 inar leagadh amach na cuspóirí straitéiseacha do sheirbhísí uisce a sholáthar in Éirinn suas go dtí 2040. Aithníodh sa PSSU na dúshláin atá ann agus a bheidh ann maidir le seirbhísí uisce a sholáthar ag an leibhéal náisiúnta, agus aithníodh tosaíochtaí shonracha nach mór aghaidh a thabhairt orthu sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Déanfar athbhreithniú ar an PSSU gach cúig bliana chun a chinntiú go bhfuil an plean fós ábhartha agus suas chun dáta. Leagtar amach sa PSSU an comhthéacs maidir leis na cláir infheistíochta caipitil gearrthéarma (thart ar 5 bliana) a thabharfaidh aghaidh ar phríomhréimsí seirbhíse uisce, cosúil le bainistíocht acmhainní uisce, comhlíonadh fuíolluisce agus bainistíocht sloda.

Aithnítear sa PSSU go gcaithfidh *“forbairt ar sheirbhísí uisce sa todhchaí teacht le chéile le pleananna forbartha comhaontaithe Náisiúnta agus Réigiúnacha. Mar sin, oibreimid le húdaráis phleanála réigiúnacha agus áitiúla agus gníomhaireachtaí eile chun bonneagar seirbhísí uisce a phleanáil chun fás sóisialta agus eacnamaíoch a shásamh”* (Caibidil 1, Lth. 1).

Leagtar amach sa Clár Infheistíochta Caipitil (CIC) 2017-2021 reatha de chuid Uisce Éireann na tosaíochtaí agus na hinfheistíochtaí táscaha i mbonneagar seirbhísí uisce le linn na tréimhse cúig bliana. Is é aidhm an CIC seo ná caighdeán an uisce óil, brath agus réiteach sceite, comhlíonadh fuíolluisce, éifeachtúlacht gnó agus seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú.

6.3 Comhthéacs Reachtúil

Na hAchtanna Seirbhísí Uisce 2007-2014

Soláthraíonn na hAchtanna seo an bunús reachtúil maidir le cóireáil agus soláthar uisce agus seirbhísí bailithe agus cóireála fuíolluisce a phleanáil, a oibriú, a sholáthar agus cothabháil a dhéanamh orthu.

Treoir an AE maidir le Tuilte 2007

Tháinig Treoir an AE maidir le rioscaí tuilte a mheasúnú agus a bhainistiú [2007/60/CE], dá ndéantar tagairt mar an Treoir maidir le Tuilte, i bhfeidhm go déanach in 2007². Trasuódh an Treoir maidir le Tuilte i ndlí na hÉireann in 2010 (Ionstraim Reachtúil Uimh. 122 de 2010, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rioscaí Tuilte a Mheasúnú agus a Bhainistiú) 2010. Leagtar amach sna Rialacháin na freagrachtaí atá ag Oifig na nOibreacha Poiblí agus comhlachtaí poiblí eile as an Treoir a chur i bhfeidhm agus sonraítear ann an próiseas chun na bearta a chur i bhfeidhm sna Pleananna um Bhainistíocht Riosca Tuilte.

¹ Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm go dtí 2025.

² /www.cfram.ie/home/eu-directive/

6.4 Comhthéacs Beartais

Staidéar Straitéiseach ar Dhraenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath - Údarás Áitiúla Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath - 2005

Coimisiúnaíodh an Staidéar Straitéiseach ar Dhraenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (SSDMBÁC) in 2001 chun anailís straitéiseach a dhéanamh ar na córais reatha uisce bréan agus dromchla sna Comhairlí i gCathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, An Mhí, Cill Dara agus Cill Mhanntáin. Chuir sé léargas ar fáil ar fheidhmíocht an bhonneagair draenála i ndobharcheantair an réigiúin agus oibreacha molta feabhsaithe bonneagair chun éascaíocht a dhéanamh ar an bhfás a bhfuiltear ag súil leis sa dobharcheantar go dtí 2031 agus ina dhiaidh sin. Ó cuireadh Uisce Éireann ar bun, tugadh príomhghnéithe an bheartais seo isteach i réimse beartais Uisce Éireann.

Ba é tátal an SSDMBÁC go gcaithfear acmhainn na n-ionad cóireála fuíolluisce atá ann i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a uasmhéadú, agus, anuas air sin, go gcaithfear ionad cóireála fuíolluisce réigiúnach nua, agus cuar-shéarach aige chun sruthanna ó dhobharcheantar na Rinne a idirghabháil, a thógáil i mBaile Átha Cliath Thuaidh le sruth éalaithe isteach i Muir Éireann. Cuireadh an próiseas roghnúchán láithreán i gcrích in 20. Faoi láthair, tá An Bord Pleanála ag déanamh measúnaithe ar iarratas ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh le haghaidh ionad cóireála agus sruth éalaithe nua, agus táthar ag súil le cinneadh in 2019. Táthar ag súil leis go mbeidh an t-ionad seo ag feidhmiú roimh 2024 agus freastalóidh sé ar Dhún Búinne, Cill Dhéagláin agus Ráth Tó, ar bailte sa Mhí iad, agus ar na sráidbhaile Cluain Aodha agus Cill Bhríde.

Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí (SuDS) 2005

I ndiaidh an SSDMBÁC, thug na húdarás áitiúla i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath beartais nua isteach maidir le draenáil uisce dromchla. Áiríodh leis na forálacha sin gealltanais go n-úsáidfear Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí (SuDS) i ngach forbairt nua phoiblí agus phríobháideach. Má chuirtear an beartas sin bhfeidhm go héifeachtach, cinnteofar nach gcuirfidh aon forbairt amach anseo méadú ar thuilte nó ar thruailliú réimsí uisce. Is é aidhm SuDS aithris a dhéanamh ar dhraenáil nádúrtha suímh chun an tionchar atá ag forbairt ar thuilte agus truailliú uiscebealaí a íoslaghdú. Molann an Chomhairle agus Uisce Éireann go láidir agus tá siad ar son SuDS a chur i bhfeidhm go cuimsitheach sa chontae ar mhaithe le hinbhuanaitheacht chomhshaoil.

Cód Cleachtais: Córais Cóireála Fuíolluisce do Thithe Aonair - An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil - 2010, nuashonraithe in 2012 agus 20

Le Cód Cleachtais na GCC: Córais Cóireála Fuíolluisce do Thithe Aonair, cuirtear ar bun creatlach fhoriomlán deachleachtais maidir le córais cóireála fuíolluisce agus diúscartha a fhorbairt i gceantair thuaithe nach bhfuil séaraigh iontu, d'fhonn cosaint an chomhshaoil, go sonrath caighdeán an uisce, a chur chun cinn. Ní mór do gach iarratais phleanála le haghaidh tithe cónaithe faoin tuath ar láithreáin gan seirbhísí léiriú go gcloíonn siad leis an gCód Cleachtais³.

Dréacht-Treoiríní d'Údarás Phleanála maidir le Seirbhísí Uisce - An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil - 2018

Tá sé beartaithe treoir deachleachtais a chur ar fáil leis na Treoiríní seo maidir leis an gcuidreamh idir feidhm na pleanála reachtúla agus an fheidhm forbartha atá ag Údarás Phleanála agus maidir le soláthar seirbhísí uisce ag Uisce Éireann. Is iad príomhfheidhmeanna na dtreoiríní:

- Comhairle a chur ar fáil d'údarás phleanála maidir le creatlach oibriúcháin nach mór d'Uisce Éireann oibriú inti chun seirbhísí uisce a sholáthar;

³ Féach Caibidil 9, Forbairt Tuaithe

- Córais a chur ar bun ar mhaithe le hidrghníomhaíocht éifeachtach idir Údaráis Phleanála agus Uisce Éireann thar na feidhmeanna ábhartha ar fad atá ag Údaráis Phleanála, agus
- A chinntiú go mbeidh baint ag an bpróiseas pleanála, agus creatlach spásúlachta le haghaidh fás agus forbairt náisiúnta á leagan amach, le pleanáil agus soláthar seirbhísí uisce ag Uisce Éireann, agus go ndéanann an próiseas pleanála eolas dó sin, ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

6.5 Uisce Óil

Mar an tÚdarás Náisiúnta Seirbhíse Uisce, is é Uisce Éireann atá freagrach anois as bainistiú a dhéanamh ar an soláthar agus seachadadh uisce.

Rinneadh cóireáil ar agus seachadadh thart ar 45 milliún uisce inólta trí 64 scéim soláthair uisce phoiblí agus líonra dáileacháin príomhphíopa os cionn 1,800 km i gConate na Mí in 2018.

Tugann Daonáireamh 2016 le fios go bhfreastalaíonn príomhphíopaí poiblí ar bheagnach 50,000 teach cónaithe príobháideach (as 64,234 teach cónaithe príobháideach) sa Chontae, chomh maith le 6,000 gnó ar fud an Chontae. Freastalaíonn Scéimeanna Grúpa Uisce nó toibreacha príobháideacha ar an gcuid eile de na tithe cónaithe nó áitreabh gnó, agus níl siad sin faoi chúram Uisce Éireann.

D'imir bearta praiticiúla caomhnaithe uisce, lena n-áirítear brath gníomhach sceite, bainistíocht éilimh agus bainistíocht brú, ról an-mhór, agus leanfaidh siad de ról an-mhór a imirt ar, an éileamh ar uisce inólta a laghdú. Ar an mbealach sin, déantar éascaíocht ar an leibhéal seirbhíse do thomhaltóirí reatha sa Chontae a fhorbairt a thuilleadh agus a fheabhsú trí na líonraí príomhphíopa atá ann.

In ainneoin gur glacadh le bearta caomhnaithe uisce, níl an cumas ná an athléimneacht ag na foinsí soláthair uisce atá ann éileamh amach anseo i mBaile Átha Cliath agus i Lár na Tíre a shásamh. Foilsíodh an scéim roghnaithe lena moltar uisce a sholáthar ó Abhantrach an Phairtín in Íochtar na Sionainne agus uisce a chóireáil cóngarach dó sin ag Cnocán an Éin Fhinn, Contae Thiobraid Árann. Ina dhiaidh sin, dhéanfaí an uisce cóireáilte a chur 170 km trí píopa agus a cheangal le líonra Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus soláthairtí uisce cóireáilte i bpobail i dTiobraid Árann Thuaidh, Uíbh Fhailí, Laois, an Iarmhí, Cill Dara, An Mhí agus Cill Mhanntáin a chur ar fáil. Beartaíonn Uisce Éireann cead pleanála a iarraidh don tionscadal sin in 2019-2020.

6.5.1 Tobair Phríobháideacha

Tá an sealbhóir tí freagrach as toibreacha príobháideacha tollta a úsáidtear mar fhoinsé soláthair uisce i dtithe cónaithe aonair. Ní rialaítear toibreacha den chineál sin faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), 2014, agus níl aon fheidhm rialála i dtaca leis sin. Tá an Chomhairle freagrach as treoir agus comhairle a chur ar fáil maidir le caighdeán an uisce a chosaint agus, ina thaobh sin, déanann an Chomhairle deontais tobair a riar agus a bhainistiú thar ceann na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRA).

Is é beartas na Comhairle:

BEA BON 1 Dul i gcomhairle le agus oibriú i gcomhar le hUisce Éireann maidir le córais soláthair uisce a fhorbairt agus a uasghrádú chun a chinntiú go bhfuil soláthar leordhóthanach, inbhuanaithe agus eacnamúil d'uisce píopaí cuí ar ardchaighdeán do gach úsáideoir ag an gContae.

BEA BON 2	Úsáid a bhaint as an soláthar uisce atá ann ar bhealach éifeachtach agus cothrom agus chun leasa na pleanála cirte agus na forbartha inbhuanaithe sa Chontae.
BEA BON 3	Iarracht a dhéanamh acmhainní uisce a fháil don Chontae in éineacht le hUisce Éireann ó aon tionscadal a sholáthraíonn uisce do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath ón tSionainn nó aon fhoinsé uisce eile.
BEA BON 4	Dul i gcomhairle agus comhoibriú le hUisce Éireann le linn shaolré an Phlean chun iarraidh ar infheistíocht i soláthar, leathnú agus uasghrádú ar an líonra dáileacháin uisce píopaí ar fud an Chontae chun freastal ar an bpobal atá ann agus a bheidh ann agus chun forbairt inbhuanaithe sa Chontae a éascú, de réir cheanglais na Straitéise Lonnaíochta agus na Croístraitéise a ghabhann léi.
BEA BON 5	A cheangal go gcaithfear, i gcás gach forbartha áit a bhfuil príomhphíopa poiblí ar fáil nó ar dócha go mbeidh sé ar fáil agus a bhfuil dóthain acmhainne aige, forbairt den chineál sin a nascadh leis.
BEA BON 6	Comhairle agus tacaíocht a thabhairt maidir le scéimeanna grúpa uisce a uasghrádú/a sholáthar sa Chontae.
BEA BON 7	Leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do Chlár Caomhnaithe Uisce de chuid Uisce Éireann.
BEA BON 8	Leanúint d'oibriú le hUisce Éireann chun a chinntiú go gcosnaítear sláinte phoiblí trí leanúint d'uisce óil ar ardchaighdeán a sholáthar i gcomhréir le caighdeáin uisce óil.
BEA BON 9	Scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le háiseanna sealadacha cóireála uisce le haghaidh forbairtí nua, ach ní dhéanfar é sin ach amháin má aithníodh réiteach buan cheana agus rinne Uisce Éireann gealltanas ina thaobh ach níor cuireadh i bhfeidhm é go fóill. Ní dhéanfar áiseanna sealadacha den chineál sin a sholáthar ach sa chás go bhfuil an réiteach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus ní rachaidh sé i bhfeidhm ar stádas uisce na bhfoinsí uisce. Ní mór don fhorbróir soláthar leordhóthanach chun an áis shealadach bheartaithe a oibriú agus a chothabháil fad is a bheidh sí ag teastáil ann agus chun í a dhíchoimisiúnú agus a bhaint den láithreán ina dhiaidh sin.
BEA BON 10	Dul i gcomhairle le agus oibriú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun a chinntiú go bhfuil cur chuige comhordaithe ann i leith acmhainní uisce an Chontae a chosaint agus a fheabhsú.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS BON 1	Dul i gcomhairle le agus oibriú le hUisce Éireann chun forbairt inbhuanaithe an bhonneagair soláthair uisce agus draenála sa chontae agus an réigiún a chur chun cinn, de réir na gcuspoirí agus moltaí atá leagtha amach i Staidéar Draenála Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce de chuid Uisce Éireann.
CUS BON 2	Dul i gcomhairle le hUisce Éireann chun a chinntiú go mbeidh soláthar leordhóthanach uisce óil ann d'úsáidí baile, tráchtála, tionsclaíoch agus eile le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe an Chontae.
CUS BON 3	Dul i gcomhairle le agus oibriú i gcomhar le hUisce Éireann le linn shaolré an Phlean chun foinsé bhreise uisce inbhuanaithe a fhorbairt agus a aithint chun freastal ar Réigiún an

	Oirthir agus Lár Tíre, fad a dhéantar forbairt inbhuanaithe a éascú sa Chontae, de réir riachtanais na Straitéise Lonnaíochta agus na Croístraitéise a ghabhann léi.
CUS BON 4	Dul i gcomhairle le agus oibriú i gcomhar le hUisce Éireann maidir leis an bPlean Infheistíochta Caipitil 2017-2021 a sholáthar, chomh maith le haon Plean Infheistíochta Caipitil ina dhiaidh sin.
CUS BON 5	Dul i gcomhairle le agus oibriú i gcomhar le hUisce Éireann chun Scéim Soláthair na hUaimhe agus Scéim Soláthair Lár na Mí/na Mí Thoir a fhíorú. Braithfidh gach ceann de na tionscadal sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, forbrófar bealaí nó dearaí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag an tionscadal ar shláine aon Láithreán Eorpach nó Láithreáin Eorpacha, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó in dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Má bhíonn, in ainneoin chur i bhfeidhm bearta maolaithe, riosca fós ann go mbeadh tionchar diúltach ag na tograí ar shláine Láithreáin Eorpaigh nó Láithreán Eorpach, ní chuirfear an tionscadal chun cinn murar féidir réiteach eile a chur i bhfeidhm a sheachnódh/a laghdódh an tionchar ionas nach mbeadh tionchar ar shláine an Láithreáin Eorpaigh nó na Láithreán Eorpach.
CUS BON 6	Dul i gcomhairle le agus oibriú i gcomhar le hUisce Éireann chun a mbearta caomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm.
CUS BON 7	Úsáid inbhuanaithe uisce agus caomhnú an uisce a chur chun cinn sna forbairtí atá ann cheana agus i bhforbairtí nua sa Chontae agus bearta bainistíochta éilimh a spreagadh i measc na n-úsáideoirí uisce ar fad.
CUS BON 8	Acmhainní screamh uisce agus uisce dromchla a chosaint agus oibriú le hUisce Éireann chun Pleananna Sábháilteachta Uisce a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun foinsí an tsoláthair uisce phoiblí agus a dhobharcheartar a chosaint.
CUS BON 9	An Clár Uisce Tuaithe a chur i bhfeidhm ar bhealach réamhghníomhach.
CUS BON 10	Treoir agus comhairle a chur ar fáil maidir leis an soláthar do thoibreacha príobháideacha a chosaint agus an fhreagracht fós ar úinéir an tí.

6.6 Fuíolluisce

Tá sé riachtanach go mbeidh bonneagar cóireála fuíolluisce atá i ndea-riocht agus ar ardchaighdeán ann chun forbairt inbhuanaithe an Chontae a éascú, fad a dhéantar an timpeallacht agus sláinte an phobail a chosaint. Is é Uisce Éireann atá freagrach anois as fuíolluisce a chóireáil agus a dhiúscairt áit a bhfuil ionaid chóireála fuíolluisce i lonnaíochtaí cheana.

Tá os cionn 40 ionad cóireála fuíolluisce agus líonra séarach níos faide ná 1,000 km i gContae na Mí. Faoi láthar, bailíonn agus déanann Uisce Éireann cóireáil ar an bhfuíolluisce ó fhorhóir lárionaid uirbeacha na gcontae. Sceitear fuíolluisce ó roinnt de na hionaid sin chuig lárionaid cóireála fuíolluisce taobh amuigh den Chontae agus déantar cóireáil air ansin, mar seo a leanas:

- Déantar fuíolluisce ó Chill Dhéagláin, Ráth Tó, Cill Bhríde, Dún Búinne agus Cluain Aodha a sceitheadh isteach i mBaile Átha Cliath agus déantar cóireáil air sa Rinn;
- Déantar fuíolluisce ó Phurláin Chill Choca a sceitheadh isteach in ionad cóireála Fuíolluisce Léim an Bhradáin;
- Déantar fuíolluisce ó Phurláin Theas Dhroichead Átha, Baile an Bhiataigh/An Inse/Baile Uí Mhornaín/Domhnach Cairnigh agus Baile Iúiliáin a sceitheadh chuig Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha.

Tugadh faoi mheasúnú mion ar chóras draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath sa Staidéar Straitéiseach ar Dhraenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (SSDMBÁC). I measc na bpríomh-mholtaí

atá sa Straitéis dheireanach den SSDMBÁC, moltar Ionad Cóireála Fuíolluisce na Rinne a leathnú go dtí a acmhainn uasta agus táthar ag tabhairt faoi Ionad Cóireála Fuíolluisce Réigiúnach nua, Gréasán Cuar-Dhraenála agus Sruth Éalaithe Mara a fhorbairt sa taobh thuaidh de MCBÁC. Tugtar Tionscadal Draenála Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (DMBÁC) air sin.

Tá Uisce Éireann ag déanamh dul chun cinn leis an Tionscadal DMBÁC agus táthar ag súil leis go gcuirfear i gcrích é faoi 2024.

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair le hUisce Éireann chun leathnaithe capitil agus uasghrádú an bhonneagair fuíolluisce a chur ar aghaidh agus a fhíorú ionas go leanfaidh an Contae de bheith ag fás ar bhealach inbhuanaithe.

I gceantair nach ndéantar freastal orthu agus taobh amuigh de na príomhlonnaíochtaí, is é an príomh-mhodh chun séarach a dhiúscairt ná trí dhabhcha séarachais aonair agus trí chórais cóireála fuíolluisce dílsithe. Leagtar amach na ceanglais sa Chód Cleachtais maidir le *Córais Cóireála Fuíolluisce agus Córais Diúscairt i gcomhair Tithe Aonair (2010) de chuid na GCC*. I gcás forbairtí níos mó, leagann an GCC na ceanglais amach i *Lámhleabhair Cóireála Fuíolluisce – Córais Chóireála do Phobail Bheaga, Gnóthaí, Ionad Fáillíochta agus Óstáin (1999) agus Treoir na GCC maidir le Diúscairt Screamhuisce a Údarú (An GCC, 2011)*.

Féach cuid 9.5.6 9 de Chaibidil 9, An Straitéis Forbartha Tuaithe, le do thoil.

Is é beartas na Comhairle:

BEA BON 11	Dul i gcomhairle agus comhoibriú le hUisce Éireann le linn shaolré an Phlean maidir le soláthar, leathnú agus uasghrádú ar na córais bailithe agus cóireála fuíolluisce sa Chontae chun freastal ar an bpobal agus an fiontar atá ann cheana agus a bheidh ann i gcomhréir le ceanglas na Straitéise Lonnaíochta agus na Croístraitéise a ghabhann léi.
BEA BON 12	A cheangal go gcaithfear, i gcás gach forbartha áit a bhfuil líonra poiblí séarach truaillithe ar fáil nó ar dócha go mbeidh sé ar fáil agus a bhfuil dóthain acmhainne aige, forbairt den chineál sin a nascadh leis.
BEA BON	Scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le háiseanna sealadacha cóireála fuíolluisce le haghaidh forbairtí nua, ach ní dhéanfar é sin ach amháin má aithníodh réiteach buan cheana agus rinne Uisce Éireann gealltanas ina thaobh ach níor cuireadh i bhfeidhm é go fóill. Ní dhéanfar áiseanna sealadacha den chineál sin a sholáthar ach sa chás go bhfuil an réiteach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus ní rachaidh sé i bhfeidhm ar stádas uisce na n-uiscí ina dtéann an fuíolluisce. Ní mór don fhorbróir soláthar leordhóthanach chun an áis shealadach bheartaithe a oibriú agus a chothabháil fad is a bheidh sí ag teastáil ann agus chun í a dhíchoimisiúnú agus a bhaint den láithreán ina dhiaidh sin.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS BON 11	A chinntiú go gceanglófar gach forbairt leis an líonra poiblí séarach truaillithe má bhíonn sé ar fáil laistigh den Chontae, de réir toilleadh leordhóthanach a bheith ar fáil ag an ionad ábhartha cóireála fuíolluisce.
CUS BON 12	Ní dhéanfaidh an tÚdarás Pleanála plé ar áiseanna sealadacha cóireála fuíolluisce a sholáthar d'fhorbairtí nua ach amháin má aithníodh réiteach buan cheana agus rinne Uisce Éireann gealltanas ina thaobh. Ní dhéanfar áiseanna sealadacha den chineál sin a sholáthar ach sa chás go meastar go bhfuil sé inbhuanaithe ó thaobh an

chomhshaoil de agus ní rachaidh sé i bhfeidhm ar stádas uisce na n-uiscí ina dtéann an fuíolluisce. Déanfaidh an forbróir soláthar leordhóthanach maidir le hoibriúcháin agus cothabháil na háise sealadaí fad is atá an bonneagar riachtanach ag oibriú.

CUS BON Chun a chinntiú go dtógtar agus go lonnaithear dabhcha séarachais, córais cóireála eisiltigh dílsithe agus ceantair síothlaithe de réir mholtaí agus threoirínte na GCC agus na Comhairle d'fhonn an tionchar a bhíonn ag sceitheadh ar uisce dromchla a íoslaghdú.

6.7 Uisce Dromchla agus Bainistíocht Bhaol Tuilte

Faoi Chlúsal 3.5 den Chomhaontú Seirbhíse idir Uisce Éireann agus na hÚdaráis Áitiúla, éilítear ar an dá pháirtí gníomhú de mheon macánta chun Meabhrán Tuisceana a fhorbairt i dtaca le draenáil uisce dromchla agus bainistíocht tuilte. Tá MT comhaontaithe i bprionsabal idir Uisce Éireann agus an Chomhairle agus táthar ag súil leis go bhfaomhfar go hoifigiúil é le linn shaolré an Phlean seo.

6.7.1 Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí

Tá cúig dhoiciméad beartais sa Staidéar Straitéiseach ar Dhraenáil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2001), mar seo a leanas:

- Bainistíocht Comhshaoil;
- Draenáil d'Fhorbairtí Nua;
- An tAthru Aeráide;
- Sreabhadh Isteach/Insíothlú agus Íoslaigh.

Leagann amach sa staidéar cur chuige deartha agus critéir le haghaidh bonneagar draenála laistigh d'fhorbairtí nua chun a chinntiú nach gcuirfidh forbairt amach anseo méadú ar thuilte agus/nó ar thruailliú na n-uiscebhealaí. Is é an bealach is fearr chun achoimre a dhéanamh ar Chórais Draenála Inbhuanaithe (SuDS) ná mar ná réiteach "iomlán" i gcomhair bainistiú uisce báistí agus is féidir é a chur i bhfeidhm i gcásanna uirbeacha agus i gcásanna tuaithe araon. Ní mór bearta 'Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí' (SuDS) a chur san áireamh i gcás forbairtí nua. Is teicneolaíochtaí éifeachta iad SuDS a bhfuil sé mar aidhm acu an riosca maidir le tuilte a laghdú, feabhas a chur ar chaighdeán an uisce agus bithéagsúlacht agus taitneamhacht a fheabhsú.

Is é beartas na Comhairle:

BEA BON 14	Comhoibriú leis an GCC agus údaráis eile maidir le Creat-Treoir Uisce an AE a chur i bhfeidhm go leanúnach.
BEA BON 15	Leanúint ar aghaidh iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar chaighdeán an uisce faoin Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, arna leasú, agus bearta a leagtar amach sa Treoir um Níotrátí (91/676/CEE) a chur i bhfeidhm agus riachtanais Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Dromchla) 2009 agus rialacháin eile ábhartha a chomhlíonadh.
BEA BON 16	A chinntiú go dtabharfar aird ar bheartais bainistíochta uisce dromchla, a ndéantar foráil dóibh sa SSDMBÁC, i gcás iarratais phleanála ar fhorbairt nua.
BEA BON 17	Dul i gcomhairle le agus oibriú i gcomhar le hUisce Éireann maidir leis an Meabhrán Tuisceana le haghaidh draenáil uisce dromchla agus bainistíocht tuilte a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear líonraí draenála uisce dromchla agus uisce truaillithe a scaradh óna chéile, más féidir, agus nuashonruithe ar líonraí draenála a dhéanamh chun tacú le nasc contráilte agus insíothlú a bhaint.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS BON 14	Úsáid SuDS a éileamh laistigh d’Fhorbairtí Údaráis Áitiúil agus tionscadail eile a bhaineann le bonneagar i gcomhréir le Cód Cleachtais Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath maidir le hOibreacha Draenála.
CUS BON 15	Úsáid SuDS a éileamh i gcomhréir le Cód Cleachtais Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath maidir le hOibreacha Draenála i gcás forbairtí nua (sintí san áireamh).
CUS BON 16	A chinntiú go gcomhlíonann gach forbairt nua Cuid 3.12 den Chód Cleachtais Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath maidir le hOibreacha Draenála, Leagan 6, ina leagtar amach na riachtanais le haghaidh forbairtí nua chun an tAthru Aeráide a chur san áireamh.
CUS BON 17	A chinntiú go gcuirtear idircheapóirí peitрил/ola agus baic siolta ar an láthair ar fáil i ngach forbairt nua tráchtála de réir Cuid 20 den Chód Cleachtais Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath maidir le hOibreacha Draenála, Leagan 6.
CUS BON 18	A chinntiú go ndéantar líonraí draenála uisce dromchla agus uisce truailithe a scaradh óna chéile laistigh de theorainneacha an tsuímh iarratais i gcás gach forbairt nua.
CUS BON 19	A chinntiú, i gcás gach forbartha a cheadaíonn an Chomhairle ina ndéanfar fuíolluisce a sceitheadh chuig uisce dromchla nó screamhuisce, go gcomhlíonann na forbairtí sin Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Dromchla) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Screamhuisce).

6.7.2 Bainistíocht Baol Tuilte

Is é Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) an príomhchomhlacht Stáit atá freagrach as beartas an Rialtais maidir le bainistíocht riosca i gcás tuilte in Éirinn a chomhordú agus a chur i bhfeidm. Chomh maith leis sin, is é an OOP an tÚdarás Náisiúnta le haghaidh Treoir an AE maidir le Rioscaí Tuilte a Mheasúnú agus a Bhainistiú [2007/60/CE] a chur i bhfeidhm.

Leagann Treoir an AE maidir le Tuilte agus Tuarascáil Athbhreithnithe ar an mBeartas Náisiúnta Tuilte (2004) na paraiméadair síos le haghaidh bainistíocht tuilte in Éirinn. Tugann an Córas Pleanála agus na Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte d’Údaráis Phleanála, RCORÁ agus OOP (2009) aghaidh ar bhainistíocht riosca i gcás tuilte laistigh den chóras pleanála. Tá Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte (MSBT) á ullmhú chun tacú leis an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta den Phlean. Tugadh faoin MSBT i gcomhréir leis na Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte (2009) agus beidh sé ina chuid den Phlean Forbartha.

Mar fhreagairt ar an Treoir um Éigeandálaí Tuile, chuir an Chomhairle, i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) measúnú ar bhaol tuilte bunaithe ar an abhantrach agus staidéar bainistíochta ar 19 n-abhainn agus sruth i gceantar *Fhine Gall agus na Mí Thoir* i gcrích, an *Staidéar ar Mheasúnú agus Bainistiú Priacal Tuilte Abhantraí i bhFine Gall agus in Oirthear na Mí*. Cuireadh an Staidéar sin i gcrích in 2012 agus chlúdaigh sé oirthear an Chontae, lena n-áirítear, i measc áiteanna eile, Abhainn Ghabhra, Abhainn Mhaigh Muirí, An Ailbhine, Abhainn na Maighne agus An Ainí.

Thosaigh Oifig na nOibreacha Poiblí clár náisiúnta de Mheasúnú agus Bhainistiú ar Phriacal Tuilte bunaithe ar abhantraí. Cuireadh na Staidéir ar Mheasúnú agus Bainistiú Priacal Tuilte Abhantraí i gcrích i gcás gach abhantraigh agus gach príomh-sruthchúrsa agus ceantar cósta sa Chontae, agus cuireadh san áireamh iad le hathbhreithniú ar an Staidéar ar Mheasúnú agus Bainistiú Priacal Tuilte Abhantraí i bhFine Gall agus in Oirthear na Mí.

Le roinnt blianta anuas tharla tuilte suntasacha i gceantair den Chontae ina ndearnadh damáiste do ghnóthaí agus do thithe. Ach i gcomparáid le contaetha eile sa réigiún, bhí leibhéal na dtuilte íseal sa Chontae. Is contae cois cósta é an Mhí agus mar gheall ar an téamh domhanda, tá ceantair ann atá i mbaol tuilte cósta, aibhneacha agus báistiúla. De bharr an athraithe aeráide, is dócha go mbeidh ardú ar an méid báistí agus ar leibhéal na farraige. Ciallaíonn sé seo, in éineacht leis an uirbiú leanúnach ar dhobharcheantair, gur dócha go mbeidh baol tuilte níos mó ann amach anseo don réadmhaoin.

I meas na bpríomhfheidhmeanna atá ag tuilemhánna, bogaigh agus ceantair chósta, coimeádann siad uisce breise go dtí gur féidir é a scaoileadh go mall ar ais isteach i gcóras abhann nó san fharraige, nó isteach sa talamh de réir mar a thiteann stoirm nó borradh taoide. Mar sin, ba cheart tuilemhánna, bogaigh agus ceantair chósta leochaileacha a aithint agus a chaomnú a mhéid is féidir, i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon, mar “Bhonneagar Glas”. Má dhéantar talamh a chriosú chun na críche sin, cuirtear feabhas ar dheiseanna chun gnáthóga a chuireann flóra agus fána chun cinn agus a chosnaíonn iad a chruthú, agus, mar sin, méadú a chur ar éagsúlacht srl.

6.7.3 Tuile báistiúil

Tarlaíonn tuilte báistiúla de bharr dianbháistí nuair a sháraíonn méid an reatha uisce acmhainn líonra an uisce dromchla atá ann agus ní feidir farasbarr an uisce a shú. De ghnáth, baineann sé le teagmhais dianbhaistí (de ghnáth > 30 mm/u) rud a chruthaíonn sreabhadh de dhroim talún agus linnte i loig sa talamh. I gcásanna uirbeacha ní bheadh córas draenála an uisce dromchla in ann é a láimseáil.

Má bhaintear úsáid éifeachtach as SuDS, d’fhéadfaí tuilte den chineál sin a mhaolú agus a laghdú. Sampla ar chóras den chineál sin is ea clais reatha tógtha⁴.

6.7.4 Tuilte abhann

Tarlaíonn tuilte abhann nuair a sháraítear acmhainn sruthchúrsa nó nuair atá an cainéal blocáilte nó teoranta, agus sceitheann an farasbarr uisce amach ón gcainéal isteach sna ceantair ísle in aice láimhe (an tuilemhá).

6.7.5 Tuilte screamhuisce

Tarlaíonn tuilte screamhuisce nuair a ardaíonn leibhéal an uisce atá stóráilte sa talamh mar gheall ar thamall fada báistí chun dromchla na talún a bhaint amach agus sceitheann sé amach ón talamh, is é sin sáraítear acmhainn an taiscumair nádúrtha faoi thalamh seo.

6.7.6 Tuilte cósta

Choimisiúnaigh OOP an *Staidéar Straitéise um Chosaint Cósta na hÉireann* (SSCCÉ) in 2003 agus rinneadh é a nuashonrú roinnt uaireanta, an uair dheireanach i Samhain 20 i gcás réigiún an Oirthuaiscirt (cósta na Mí san áireamh). Aithnítear sa staidéar sin áiteanna ar an gcósta thoir thuaidh atá i mbaol tuilte cósta agus creimeadh cósta. Anuas air sin, cuirtear measúnú straitéiseach ar fáil sa SSCÉ ar chreimeadh cósta feadh chósta na hÉireann agus úsáid á baint as taifid ghrianghraf den chósta ó 1973-75, 2000 agus 2006 mar phríomhbhunús don mheasúnú creimthe. Cuireann an staidéar seo léarscáileanna straitéiseacha ar fáil maidir leis an mbaol tuilte cósta sá lá atá inniu ann agus amach anseo (go dtí 2100) agus cuirtear léarscáileanna straitéiseacha creimthe cósta don chósta náisiúnta.

Tá dlúthnasc idir an creimeadh cósta agus tuilte cósta, mar tagann méadú ar an mbaol tuilte i gceantair chósta de réir mar a chailltear cosaintí nádúrtha an chósta (amhail dumhcha) de bharr creimthe. Cuirtear ceantair atá i mBaol Tuilte i gcás tuilte abhann agus tuilte cósta araon in iúl ar na léarscáileanna atá san áireamh leis an Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte mar chuid d’ullmhú an Phlean (féach Imleabhar 5 den Phlean).

⁴ Tírghné loig is ea clais reatha, log céimseach a bhíonn i spásanna oscailte de ghnáth. Is é feidhm na claise reatha ná uisce tuilte a choimeád.

Is é beartas na Comhairle:

BEA BON 18	“Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte - Treoirlínte d’Údarás Phleanála” (RCORÁ agus OOP, 2009) a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as cur chuige agus cur i bhfeidhm seicheamhach na dTrialachacha Réasúnaithe maidir le Bainistíocht Forbartha agus Pleananna Forbartha, le linn thréimhse an Phlean seo.
BEA BON 19	Torthaí agus moltaí an Mheasúnaithe Straitéisigh ar Phriacal Tuilte a ullmhaíodh in éineacht leis an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae a chur i bhfeidhm, rud a chinntíonn go gcuirfí an t-athrú aeráide san áireamh.
BEA BON 20	Measúnú ar Phriacal Tuilte a éileamh d’aon togra forbartha, áit a bhféadfadh priacal tuilte a bheith ann i gcomhréir leis “an gCóras Pleanála agus Bainistiú Priacal Tuilte – Treoirlínte d’Údarás Pleanála” (RCORA/OOP, 2009). Beidh an measúnú sin oiriúnach do mhéid agus nádúr an riosca don agus ón bhforbairt féideartha agus cuirfidh sé sin tionchar an athraithe aeráide san áireamh
BEA BON 21	Dul i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir leis na tograí molta in aice le cainéil draenála agus aibhneacha a bhfuil OOP freagrach as.
BEA BON 22	Stráice 10 méadar ar gach taobh de gach cainéal/port cosanta tuilte a choimeád de réir mar is gá, chun éascaíocht a dhéanamh ar rochtain orthu.
BEA BON 23	Dul i gcomhairle, de réir mar is gá, le hIascaigh Intíre Éireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus gníomhaireachtaí eile ábhartha maidir le bearta maolaithe tuilte a sholáthar sa Chontae.
BEA BON 24	A chinntiú go dtugtar le chéile bainistíocht riosca i gcás tuilte in ullmhúchán na bPleananna Ceantair Áitiúla i gcomhréir leis an ‘gCóras Pleanála agus Bainistiú Priacal Tuilte – Treoirlínte d’Údarás Pleanála(2009)’.
BEA BON 25	Aird a thabhairt ar na moltaí i Staidéar ar Mheasúnú agus Bainistiú Priacal i gcás Tuilte Dobharcheantar i bhFine Gall agus in Oirthear na Mí agus i Staidéar um Mheasúnú agus Bainistiú Priacal Tuilte Abhantraí an Oirthir.
BEA BON 26	Athbhreithniú a dhéanamh ar an ‘Measúnú Straitéiseach ar Phriacal Tuilte do Chontae na Mí’ i bhfianaise na mapála tuilte críochnaithe a forbraíodh mar chuid de Staidéar ar Mheasúnú agus Bainistiú Priacal i gCás Tuilte Dobharcheantar an Oirthir.
BEA BON 27	Dul i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir leis na tograí molta in aice le cainéil draenála agus aibhneacha a bhfuil OOP freagrach as, sula ndéanfar socruithe/buntuisicintí ar thograí bainistíochta uisce dromchla.
BEA BON 28	Dul i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir leis na forbairtí molta, lena n-áirítear droichead nó tóchar a thógáil, a athsholáthar nó a athrú agus éileamh a dhéanamh go bhfaigheann forbróirí toiliú ó OOP faoi Alt 50 de Rialacháin an AE (Measúnú agus Bainistiú Baoil Tuilte) 2010 agus Alt 50 den Acht Draenála Airtéirigh, 1945, de réir mar is cuí.
BEA BON 29	Soláthar cosaintí nua tuilte agus bearta cosanta nua in aghaidh tuilte, nó na cosaintí agus na bearta atá ann cheana a neartú, a éascú, más gá, agus go háirithe tacú le scéimeanna tuilte atá ag dul tríd an bpróiseas pleanála le linn shaolré an Phlean a chur i bhfeidhm. Beidh soláthar na gcosaintí tuilte ag brath ar thoradh an phróisis Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, forbrófar suíomhanna agus/nó dearáí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag na déanmhais cosanta tuilte ar shláine Láithreán Eorpach, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Más amhlaidh, d’ainneoin na mbeart maolaithe a chuirtear i bhfeidhm, go mbeadh riosca ann i gcónaí go ndéanfadh na tograí díobháil do shláine na Láithreán Eorpach, ní

rachaidh an tionscadal ar aghaidh mura gcuirfí i bhfeidhm réiteach malartach a sheachnódh/laghdódh an tionchar ionas nach gcuirfí isteach ar shláine an Láithreáin Eorpaigh/na Láithreán Eorpach níos mó. Tá sé réasúnta talamh slán a dhéanamh de ag céim an deartha shonraigh go bhféadfaí, agus go ndéanfar, aon fhéidearthacht go mbeadh tionchar ag tionscadal ar Láithreáin Eorpacha, a réiteach trí hionaid nó dearáí malartacha a chomhlíonfadh a bhfeidhm/ról fós a iniúchadh.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS BON 20	An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte - Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (RCORÁ/OOP 2009) nó aon treoirlínte nuashonraithe. Ba cheart Measúnú ar Riosca i gcás Tuilte atá sainiúil don suíomh, más cuí.
CUS BON 21	Srian a chur le forbairt nua laistigh de thuillemhánna seachas forbairtí a shásaíonn an Tástáil Réasúnaithe, mar a leagtar amach sna <i>Treoirlínte Córas Pleanála agus Bainistíocht Baol Tuilte 2009</i> do na hÚdaráis Phleanála (nó aon treoirlínte nuashonraithe).
CUS BON 22	A chinntiú go ndearfaí bearta um fhaoiseamh tuilte sa chaoi go gcosnófaí cuspóirí caomhantais na láithreáin Natura 2000, agus go seachnófaí iarmhairtí díreacha nó indíreacha ar leasanna cáilitheacha nó láithreáin Natura 2000 a mbeadh drochthionchar acu ar shláinte láithreáin
CUS BON 23	Tuillemhánna, bogaigh agus ceantair chósta an Chontae a bhíonn faoi réir tuile a chosaint agus a fheabhsú mar "bhonneagar glas" a chuireann spás ar fáil do thuile a stóráil agus a iompar, agus a chinntiú nach dtéann an fhorbairt i bhfeidhm ar shuíomhanna tábhachtacha bogaigh laistigh de dhobharcheantair aibhneacha/sruthán.
CUS BON 24	Córais draenála uisce dromchla a aithint atá i mbaol tuilte agus tograí a fhorbairt chun tuilte a mhaolú sna ceantair ar a bhfreastalaíonn na córais sin in éineacht le hOifig na nOibreacha Poiblí. Braithfidh seachadadh tionscadal den chineáil sin ar thoradh phróiseas na Measúnachta Cuí. I gcásanna ina n-aithneofaí tionchair dhiúltacha ar shláine láithreáin Eorpaigh, forbrófar suíomhanna agus/nó dearáí eile le cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag na déanmhais cosanta tuilte ar shláine Láithreán Eorpach, bíodh go dtarlódh sé sin ina aonar nó i dteannta le haon phleananna nó tionscadail eile. Más amhlaidh, d'ainneoin na mbeart maolaithe a chuirtear i bhfeidhm, go mbeadh riosca ann i gcónaí go ndéanfadh na tograí díobháil do shláine na Láithreán Eorpach, ní rachaidh an tionscadal ar aghaidh mura gcuirfí i bhfeidhm réiteach malartach a sheachnódh/laghdódh an tionchar ionas nach gcuirfí isteach ar shláine an Láithreáin Eorpaigh/na Láithreán Eorpach níos mó. Tá sé réasúnta talamh slán a dhéanamh de ag céim an deartha shonraigh go bhféadfaí, agus go ndéanfar, aon fhéidearthacht go mbeadh tionchar ag tionscadal ar Láithreáin Eorpacha, a réiteach trí hionaid nó dearáí malartacha a chomhlíonfadh a bhfeidhm/ról fós a iniúchadh.
CUS BON 25	Úsáid an Chórais Draenála Uirbeacha Inbhuanaithe (SuDS) a éileamh chun leibhéal na ndromchlaí agus na pábhála crua a íoslaghdú agus a theorannú agus úsáid teicnící oiriúnacha draenála a éileamh más cuí, le haghaidh forbairt nua nó síntí le forbairtí reatha, d'fhonn an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí tuilte reatha agus tuartha a laghdú.
CUS BON 26	A chur i gcoinne dhromchlaí agus pábháil crua neamhphóiriúla a úsáid laistigh de theorainneacha láithreán tithíochta tuaithe.
CUS BON 27	Úsáid teicneolaíocht Díonta Glasa a chur chun cinn go háirithe ar fhoirgnimh tráchtála, fóillíochta, oideachas agus árasáin.

CUS BON 28 A chinntiú nach mbeidh tograí chun feirmeacha gréine á bhforbairt laistigh de na Criosanna Tuile A nó B, de réir *Treoirlínte maidir le Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte 2009* d'údaráis phleanála (nó aon treoirlínte nuashonraithe).

6.8 Cáilíocht Uisce

Tá timpeallacht shaibhir agus leathan uisce ag an gContae, an cósta, aibhneacha, sruthanna, lochanna agus uiscí inbhir (uiscí dromchla) agus sreamhuisce (uisce faoi thalamh). Is iad An Bhóinn agus An Uisce Dubh na príomhshruthchúrsaí laistigh den Chontae. Is cuid den timpeallacht uisce iad An Chanáil Ríoga agus Canáil na Bóinne. I dteannta a chéile, is acmhainn thábhachtach eacnamaíoch, fóillíochta, éiceolaíoch agus amhairc iad don Chontae.

Tá an Chomhairle freagrach as caighdeán comhshaoil agus éiceolaíochta na n-uiscí a chothabháil, a fheabhsú, a threisiú agus a chosaint trí bhearta rialála ar thruailliú a chur i bhfeidhm, scaoileadh eisiltigh a cheadú, feidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil agus bearta teagmhais ar thruailliú a dhearadh ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Is dócha go mbeidh an ról níos tábhachtaí fós amach anseo, mar tuarfar go dtiocfaidh athrú ar inrochtaineacht uisce mar gheall ar an athrú aeráide.

6.8.1 An Chreat-Treoir Uisce

Leis an gCreat-Treoir Uisce AE (CTU, 2000/60/CE), a foilsíodh in 2000 agus a trasúidh i ndlí na hÉireann in 2003 (I.R. Uimh. 722 de 2003), *'cuireadh ar bun creatlach do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais uisce'*. Is cuspóir foriomlán na Treorach agus na Rialcháin lena mbaineann meath ar stádas aon uiscí a choisc agus 'stádas maith éiceolaíoch' a bhaint amach⁵.

Tá an contae suite laistigh de Phlean Náisiúnta Bainistithe Abhantraí (PNBA) do na 26 contae. Foilsíodh an PNBA d'Éirinn 2018-2021 in Aibreán 2018. Faoi láthair, tá an Chomhairle ag cur an Phlean Náisiúnta Bainistithe Abhantraí i bhfeidhm, chun oibleagáidí na CTU a chomhlíonadh, chomh maith le clár na mbearta lena mbaineann mar a leagtar amach sa phlean iad. Is é bunéirim an Phlean:

- Plean a dhéanamh chun caighdeán an uisce in thart ar 726 limistéar uisce in Éirinn a chosaint agus a fheabhsú trí úsáid a bhaint as 43 speisialtóir measúnaithe scrúdaithe in údarás áitiúla;
- Infheistíocht €1.7 billiún i mbonneagar cóireála fuíolluisce uirbigh faoin mbliain 2021 in 255 ceantar uirbeach;
- Béim níos mó a leagan ar fhoinsí uisce óil a chosaint in os cionn 700 solathar príobháideach agus poiblí uisce óil agus infheistíocht €73 milliún an bhliain ag Uisce Éireann chun laghdú a dhéanamh ar sceitheadh;
- Síneadh a chur leis an scéim deontais do chórais cóireála fuíolluisce tí atá faoi stiúir údarás áitiúil;
- Clár Tacaíochta agus Comhairle um Inbhuanaitheacht nua chun deachleachtas talmhaíochta a chur chun cinn maidir le caighdeán an uisce in 190 ceantar spriocdhírthe.

D'fhonn leibhéal feidhmithe níos airde an PNBA a spreagadh, chuir Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil (OUPÚÁ) Foireann Abhantraí Údarás Áitiúil ar bun chun tabhairt faoi mheasúnuithe eolaíochta agus tús a chur le rolladh amach na mbearta maolaithe ag an leibhéal áitiúil agus chun méadú a chur ar rannpháirtíocht phobail agus feasacht an phobail ar chaighdeán uisce⁶.

Foilsíodh an Clár Bainistíochta Abhantraí do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, ar clár réigiúnach comhtháite é, ina leagtar amach na réimsí áirithe atá ina dtosaíochtaí le haghaidh gnímh. Cuireadh

⁵ <http://www.wfdireland.ie/>

⁶ <http://watersandcommunities.ie/about/>

sceideal oibreacha don Fhoireann Measúnaithe Abhantraí le chéile ina leagtar amach conas a thabharfar faoi rannpháirteachas pobail agus páirtithe leasmhara.

6.8.1.1 Aibhneacha

Déanann Comhairle Contae na Mí sampláil ar 25 abhainn san iomlán chun críocha monatóireacht fhisiceimiceach faoin CTU ag 67 áit samplála abhann, rud a chuireann le monatóireacht bitheolaíoch na GCC⁷. Is cuid ríthábhachtach de Phleananna Bainistíochta Abhantraí, ó thaobh an feidhmiú a stiúradh, é an clár monatóireachta faireachais agus oibriúcháin. Socraíonn sé cibé acu an bhfuil spriocanna agus cuspóirí na Creat-Treorach Uisce á mbaint amach nó nach bhfuil.

Bunaithe ar na torthaí a fhaightear ón gclár monatóireachta CTTU, measúnú ar bhrúnna agus tionchair agus scrúduithe ar chaighdeán an uisce san áireamh, cuireadh spriocdhátaí sínithe san áireamh sa PNBA. Déanfar éascaíocht ar chuspóirí comhshaoil a bhaint amach i líon suntasach limistéar uisce mar gheall ar na spriocdhátaí sínithe, den chuid is mó mar ní bheadh sé indéanta go teicniúil na spriocanna a bhaint amach níos luaithe. I gcásanna den chineál sin, tá na spriocanna le baint amach roimh 2021, 2027 nó tar éis 2027.

Léirigh monatóireacht agus anailís ar chaighdeán an uisce a rinne an GCC agus an Chomhairle go bhfuil laghdú ag teacht ar thiúchain cothaitheach (Nítrigin agus Fosfair) i sruthchúrsaí sa Chontae ó go déanach san 1990idí. Ach le déanaí léirigh anailís de chuid na GCC go bhfuil méadú ag teacht ar thiúchain cothaitheach i go leor sruthchúrsaí ó 2004.

Léirigh sonraí de chuid na GCC ar chaighdeán bitheolaíoch na sruthchúrsaí, bunaithe ar mhonatóireacht suas go dtí 2017, bur bhain 19% de shuíomhanna abhann ar a ndearnadh monatóireacht i gContae na Mí Stádas Maith nó níos fearr amach, agus go raibh 81% de shuíomhanna abhann ar a ndearnadh monatóireacht i gContae na Mí faoi bhun Stádas Maith, is é sin theip orthu cuspóirí CTU a bhaint amach.

Tá obair shuntasach ag teastáil má ta cuspóirí na CTU le baint amach taobh istigh de na tréimhsí lenar glacadh sa PNBA. Tá sé chomh tábhachtach céanna go gcosnaítear caighdeán an uisce áit a bhfuil stádas maith aige. Is dúshlán suntasach é cuspóirí na CTU a bhaint amach, ach go háirithe mar gheall ar na hacmhainní teicniúla atá ar fáil don Chomhairle.

6.8.1.2 Lochanna

Tá 4 loch i gContae na Mí atá ainmnithe mar lochanna monatóireachta oibriúcháin faoin gCreat-Treoir Uisce, is iad sin Loch Síleann, Loch Bracken, An Loch Bán agus Loch an Eanaigh. De réir thuarascáil na GCC Cáilíocht Uisce in Éirinn 2010-2015, a foilsíodh in 2017, rangáíodh cáilíocht an uisce i Loch an Eanaigh ag an stádas maith agus rangáíodh An Loch Bán ag an stádas ard, agus rangáíodh Loch Síleann agus Loch Bracken ag an stádas measartha.

6.8.1.3 Uiscí Cósta agus Idirchreasa (Inbhir)

Síneann cósta na Mí thart ar 10 km agus téann sé ó bhéal Abhainn na Bóinne i mBaile Uí Mhornaín, ag an teorainn le Contae Lú, go dtí Baile Mhic Gormáin ag béal na hAilbhine ag an teorainn le Contae Bhaile Átha Cliath.

Mar chuid de mhonatóireacht na GCC ar uiscí cósta agus inbhir faoin CTU, rangáítear na huiscí amach ó chósta Chontae na Mí mar Stádas Maith agus rangáítear Inbhear na Bóinne ag an stádas measartha.

⁷ <http://www.epa.ie/water/wm/rivers/>

Is é An Inse/Baile an Bhiataigh an t-aon limistéar snámha i gContae na Mí atá ainmnithe i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Cáilíocht Uisce Snámha, 2008 (I.R. Uimh. 79 de 2008). Tá an Chomhairle freagrach as na Rialacháin maidir le Cáilíocht Uisce Snámha a chur i bhfeidhm. Áirítear leis sin monatóireacht (gach seachtain le linn an tséasúir snámha) agus torthaí maidir le cáilíocht uisce snámha a thuairisciú chuig an GCC, an t-eolas agus an chomhairle is déanaí a chur ar fáil don phobal agus freagairt a dhéanamh i gcás teagmhas a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar cháilíocht uisce snámha. Bunaithe ar thorthaí monatóireachta leanúnacha a fuarthas le linn tréimhse 4 bliana 2015-2018, rangaigh an GCC An Inse/Baile an Bhiataigh ag an stádas maith in 2018.

Chomh maith leis sin, tá cósta an Chontae mar chuid den Limistéir Sliogéisc ainmnithe, is é sin 'Limistéar Sliogéisc Bhaile Brigín/Na Sceirí'. In 2011, ghlac an Chomhairle le Pleananna Laghdaithe Truaillithe chun críocha cáilíocht a huiscí sliogéisc a chosaint, ach go háirithe chun an riosca a d'fhéadfadh éilliú miocróbach a bheith aige ar uiscí den chineál sin a fháil dheimhniú, éilliú atá ann de bharr córais cóireála fuíolluisce agus foinsí talmhaíochta.

Bhain Trá Bhaile Uí Mhornaín 'Gradam an Chósta Ghlais' in 2017⁸. Is comhartha ar bharrfheabhas comhshaoil é Gradam an Chósta Ghlais. Cuireadh ar bun é chun an comhshaoil a aithint, a chur chun cinn agus a chosaint ag tránna i bPoblacht na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus An Bhreatain Bheag. Tugtar an gradam do thránna a chomhlíonann caighdeáin cáilíochta uisce snámha CE, ach a bhfuil an-tóir orthu mar gheall ar a gcomhshaoil nádúrtha gan mhilleadh.

Cheadaigh an Ceantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh Plean Bainistíochta Trá do Bhaile an Bhiataigh agus An Inse i bhFeabhra 2019. Tugann sé aghaidh, i measc nithe eile, ar an gcomhshaoil agus an fiadhúlra, bainistíocht an trá, glanadh, rochtain agus páirceáil na dtránna, fodhlíthe agus cumarsáid/comharthaí. Chun roinnt de na moltaí sa Phlean a chur i bhfeidhm, beidh gá le roinnt leasuithe a dhéanamh ar Fhodhlíthe Cladaigh Chontae na Mí 2010, agus beidh gá le comhairliúchán poiblí breise agus ceadú ó na Baill Tofa mar chuid den phróiseas sin.

6.8.1.4 Plean Spásúil Muirí Náisiúnta

Áirítear le Plean Comhtháite Muirí na hÉireann, "*Feidhm a Bhaint as Saibhreas ár nAigéin*" (FBSA, 2012), Cuspóir Beartais Náisiúnta chun Plean Spásúil Muirí (PSN) Náisiúnta a ullmhú. Leis an bplean, cuirfear creatlach straitéiseach ar bun chun tairbhí ár n-uiscí cósta a fhíorú ar bhealach inbhuanaithe.

Déanann Treoir AE 2014/89/AE FBSA ina dhiaidh sin agus cuirtear ar bun leis creatlach ar fud an AE maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí. Thrasuigh Éire an Treoir trí na Rialacháin AE (Creatlach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí) 2016. Áirítear leis na Rialacháin sin riachtanas go bhforbróidh Éire Plean Spásúil Muirí (nó pleananna) ar bhonn timhriall deich mbliana.

Táthar ag súil leis go bhfoilseofar Dréacht-Phlean Náisiúnta Spásúil Muirí i R4 2019 nó go luath in 2020 agus táthar ag súil leis go gcuirfear an plean i gcrích in 2020. Cuirfear cuspóirí an phlean seo san áireamh mar chuid den phróiseas cinnteoireachta le haghaidh forbairtí agus gníomhaíochtaí muirí.

Is é beartas na Comhairle:

BEA BON 30 Beartais agus cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean Spásúil Muirí Náisiúnta a chur i bhfeidhm chun tairbhí iomlána ár nAigéin a fhíorú ar bhealach bainistithe agus inbhuanaithe a chinntíonn go bhfuil an t-athrú aeráide curtha san áireamh.

⁸ An Taisce le cúnamh ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, Fáilte Éireann agus Coca Cola

6.8.2 Screamhuisce

Tuairiscíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le 46 dobharlach screamhuisce i gContae na Mí. Tá cáilíocht fhoriomlán an screamhuisce laistigh den chontae an mhaith, agus níl ach dhá limistéar screamhuisce rangaithe ag drochstádas i dtuarascáil na GCC Cáilíocht Uisce in Éirinn 2010-2015, a foilsíodh in 2017. Tá an Chomhairle i gcomhairle leanúnach leis an GCC maidir leis sin.

Is acmhainn mhór nádúrtha é an screamhuisce sa Chontae a chuireann 20%-25% de na soláthairtí uisce óil ar fáil. I gceantair tuaithe nach ndéanann scéimeanna poiblí ná scéimeanna grúpa freastal orthu, is é an screamh uisce de ghnáth an t-aon fhoinsé atá ar fáil. Mar gheall air seo, tá sé ríthábhachtach go gcosnaítear an acmhainn nádúrtha seo.

I gcomhar le Geolaíocht na hÉireann (SGÉ), ullmhaíodh Scéim Cosanta Screamhuisce don Chontae. Cuirtear treoirínte ar fáil inti seo le haghaidh údaráis pleanála agus ceadúnaithe agus iad ag tabhairt faoi na feidhmeanna, chomh maith le creat chun cuidiú le cinntí a dhéanamh maidir leis an láthair, an dúlra agus rialú na bhforbairtí agus na ngníomhaíochtaí chun an screamhuisce a chosaint. Is í aidhm na Scéime ná méid agus caighdeán an screamhuisce a chothabháil agus i gcásanna áirithe a fheabhsú, trí chur chuige measúnaithe riosca a chur i bhfeidhm ar mhaithe le cosaint screamhuisce agus forbairt inbhuanaithe.

Forbraíodh freagraí faoin gcosaint do na ceantair éagsúla i leith guaiseacha féideartha amhail líonta talún, córais chóireála fuíolluisce ar an láthair agus dabhcha séarachais do thithe aonair, agus leathadh ar an talamh le dramhaíl orgánach⁹.

I gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach, Beartas Uisce, Clárúchán Astarraingthe, 2018, ní mór gach astarraingt ó screamhuisce nó uisce dromchla os cionn 25m³/lá a chlárú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Is é beartas na Comhairle:

BEA BON 31	Na foinsí agus uiscígh screamhuisce sa Chontae a chosaint agus a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe agus bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairt ar bhealach atá ag teacht le chéile le cosaint na n-acmhainní sin.
BEA BON 32	A chinntiú, tríd an bPlean Bainistíochta Abhantraí (nó Pleananna) agus na Cláir Bearta lena mbaineann agus aon reachtaíocht eile nó pleananna leasaithe lena mbaineann a chur i bhfeidhm le gach páirtí leasmhar ábhartha, go gcosnaítear agus go gcuirtear feabhas ar an uisce óil, uisce dromchla agus screamhuisce ar fud an Chontae.
BEA BON 33	Sruthchúrsaí aitheanta salmainide a chosaint (i gcomhar le hIascaigh Intíre Éireann), cosúil le habhantrach na Bóinne agus an Uisce Dhuibh. Aithnítear go bhfuil na háiteanna sin thar barr ó thaobh tacaíocht a thabhairt do speicis éisc salmainide.

⁹ Tá an Scéim Cosanta Screamhuisce ar fáil ag www.gsi.ie.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

- CUS BON 29 Dianiarracht a dhéanamh ‘stádas maith’ a bhaint amach i leith gach limistéar uisce chun *An Chreat-Treoir Uisce* a chomhlíonadh agus chun comhoibriú a dhéanamh maidir le *Plean Náisiúnta Bainistithe Abhantraí 2018-2021*.
- CUS BON 30 A chinntiú go mbíonn cosaintí nádúrtha cósta an Chontae, amhail trána, dumhcha gainimh, riasca goirt agus tailte inbhir, á gcosaint agus nach mbíonn dochar á dhéanamh dóibh trí oibreacha nó cineálacha forbartha míchuí.
- CUS BON 31 Leas a bhaint as teicnící innealtóireachta boga de rogha ar oibreacha crua um chosaint cósta, mar is cuí.
- CUS BON 32 Oibreacha cosanta cósta riachtanacha a shainaitheint, a chur chun tosaigh, agus a chur i bhfeidhm, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil, agus ag an am céanna, ardleibhéal cosanta a chinntiú le haghaidh gnáthóg agus tréithe nádúrtha, agus a chinntiú go gcuirfear gnéithe físiúla agus gnéithe comhshaoil san áireamh le linn d’aon oibreacha cosanta cósta den chineál sin a bheith á ndearadh. Áireofar leis sin limistéir chósta a shainaitheint atá íogair maidir leis an athrú aeráide, agus an creimeadh cósta a tharlaíonn dá bharr.
- CUS BON 33 Carachtar speisialta an chósta a chosaint trí chosc a chur le forbairt mhíchuí, ach go háirithe ar thaobh na farraige de bhóithre cósta. Ba cheart spás a dhéanamh d’fhorbairt nua, más féidir, laistigh de na ceantair atá forbartha cheana féin.
- CUS BON 34 Sainghné agus pátrún na forbartha a rialú go dian i gceantair chósta agus a chinntiú go bhfuil sí deartha agus tírdhreachaithe de réir na gcaighdeán is airde, agus í suite go cuí ionas nach gcuirfidh sí isteach ar thaitneamhacht amhairc an cheantair. Beidh cosc ar fhorbairt má tá an fhorbairt ina bhagairt shuntasach nó fhéideartha ar ghnáthóga nó tréithe cósta, agus/nó nuair is dóchúla go mbeidh sé mar thoradh ar an bhforbairt go mbeidh pátrúin athraithe creimthe nó sil-leagain áiteanna eile ar feadh an chósta.
- CUS BON 35 Cosc a chur ar fhorbairt ar feadh an chósta taobh amuigh de na ceantair uirbeacha atá ann cheana nuair nach féidir a leithéid d’fhorbairt a chosaint go himleor i rith shaolré na forbartha, gan gá a bheith le cosaintí breise cósta a thógáil.
- CUS BON 36 Na foinsí agus uiscígh screamhuisce sa Chontae a chosaint agus a fhorbairt, ar bhealach inbhuanaithe, agus bainistíocht a dhéanamh ar fhorbairt ar bhealach atá ag teacht le chéile le cosaint na n-acmhainní sin, i gcomhréir le *Rialacháin AE um Chuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce), 2010* agus an dara babhta den phlean náisiúnta, *Plean Bainistíochta Abhantraí 2018-2021*, agus aon phlean ina dhiaidh sin agus an Scéim Cosanta Screamhuisce.
- CUS BON 37 Moltaí Scéim Cosanta Screamhuisce na Mí a chur i bhfeidhm(s).
- CUS BON 38 Conair bhruachánacha a bhunú saor ó fhorbairt nua ar feadh na sruthchúrsaí agus sruthán uile sa Chontae mar seo a leanas:

- Stráice idirbruachachánach habhála 10 méadar ar leithead atá tomhaiste ó bharr an bhruaigh ar gach taobh de shruthchúrsaí i gceantair uirbeacha;
- Stráice bruachachánach 30 méadar ar leithead, ar a laghad, ó bharr an bhruaigh go dtí gach taobh na sruthchúrsaí uile lasmuigh de na ceantair uirbeacha.

6.9 Athrú Aeráide

I measc na dtéamaí ginearálta den Phlean Forbartha seo, leagtar béim ar na cúiseanna leis an athrú aeráide agus tionchair ar an athrú aeráide a mhaolú. Achtaíodh *an tAcht um Ghníomhaíocht ar son na hAeráide agus Fhorbairt ar Bheagán Carbóin 2015* i mí na Nollag 2015. Bunaítear leis an Acht cuspóir náisiúnta maidir le hathrú i dtreo geilleagar atá ar bheagán carbóin, atá seasmhach ó thaobh na haeráide agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil sa tréimhse go dtí an bhliain 2050 agus an bhliain sin san áireamh.

Cé go bhfuil bearta dearfacha á nglacadh ag Éirinn chun cúiseanna leis an athrú aeráide a mhaolú, rachaidh toradh na n-athruithe atáthar á dtuar maidir le teocht domhanda méadaithe agus athruithe suntasacha maidir leis an titim báistí i bhfeidhm ar an tír sa chéad 100 bliain eile. Táthar á thuar go mbeidh samhraí níos tirime, geimhrí níos fliche, stoirmeacha níos láidre agus meánteochtanna níos airde i rith na bliana in Éirinn.

Den chuid is mó, tá astaíochtaí CO₂ ag teacht as na hearnálacha talmhaíochta, iompair, fuinnimh agus cónaithe, den chuid is mó. Tá sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna leis an athrú aeráide trínár spleáchas ar bhreoslaí iontaise agus ár n-astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú. Beidh bearta oiriúnaithe/díonta ó thaobh na haeráide de chun cur i gcoinne na dtionchar díobhálach ina gcuid d'fhreagairt fhoriomlán chuimsitheach. Tá freagairt chuimsitheach ag teastáil chun ár ngealltanais Náisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear go mbeidh 16% dár n-úsáid fuinnimh faoi 2020 ó fhoinsí in-athnuaite, agus fospríoc de 10% ón earnáil iompair. Éilíonn sprioc nach bhfuil ceangailteach ó thaobh an dlí de go bhfaighimid 40% dár leictreachas ó fhuinneamh in-athnuaite faoi 2020. Chun aghaidh a thabhairt air na dúshláin sin, beidh gá le hinfheistíocht shuntasach, bearta oiriúnaithe agus maolaithe a chur i bhfeidhm i ngach earnáil agus athruithe suntasacha ar iompar a bhaint amach.

6.9.1 Comhthéacs Reachtuil

An Creat-Choinbhinsiún ar Athrú Aeráide - na Náisiúin Aontaithe - (UNFCCC) 1992

Tá réimse de chomhaontuithe agus creataí idirnáisiúnta um athrú aeráide ceadaithe a chuireann faisnéis ar fáil maidir le tionchair, leochaileachtaí agus oiriúnuithe athraithe aeráide. Cuireann obair an UNFCCC eolas mionsonraithe teicniúil ar fáil do stáit a ghlacann páirt, lena n-áirítear réamh-mheastachán reatha agus don am atá le teacht i leith an athraithe aeráide, rud a ligean do bhearta praiticiúla oiriúnaithe a shocrú chun feabhas a chur ar athléimneacht fhadtéarmach.

An Straitéis Oiriúnaithe - An tAontas Eorpach - 20

D'fhoilsigh an tAontas Eorpach a Straitéis Oiriúnaithe in Aibreán 20, agus an aidhm ghinearálta bhí aige ná an tseasmhacht i leith na haeráide a fheabhsú ar fud na hEorpa. Mar gheall ar leibhéal níos airde comhordaithe agus cur chuige níos comhdhlúite, cuirfidh an Straitéis Oiriúnaithe feabhas ar ullmhacht agus éifeachtacht na leibhéal éagsúil rialachais chun freagairt ar thionchair an athraithe aeráide.

Díríonn an Straitéis ar thrí phríomhchuspóir:

- Gníomhartha arna ndéanamh ag na Ballstáit a chur chun cinn
- Gníomhartha 'díonta ó thaobh na haeráide de' ag leibhéal an AE
- Cinnteoireacht níos feasaí

Baintear na príomhthionscnaimh oiriúnaithe a chuireann an Straitéis chun cinn amach trí fhoráil a dhéanamh do riachtanais mhaolaithe agus oiriúnaithe laistigh de bheartais agus sásraí maoinithe an AE. Reáchtáiltear na tionscnaimh ar feadh roinnt réimsí, lena n-áirítear:

- bonneagar agus foirgnimh
- saincheisteanna muirí agus uisce intíre
- foraoiseacht
- talmhaíocht; agus
- comhtháthú sóisialta

An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin - An Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil - 2015

Is é an tAcht um Ghníomhú Aeráide 2015 agus um Fhorbairt Ísealcharbóin an phríomhionstraim bheartais a thugann aghaidh ar an athrú aeráide. Leagtar amach san Acht plean maidir le haistriú na hÉireann i dtreo geilleagar ísealcharbóin agus tugtar sonraí ann maidir le modhanna chun an Plean Náisiúnta Maolaithe (PNM), a foilsíodh in Iúil 2017, a chur i bhfeidhm. Is é aidhm na modhanna sin leibhéal na n-astaíochtaí gáis ceaptha teasa in Éirinn a laghdú. Anuas air sin, éilíonn an tAcht go gcuirfí freagairtí ar fáil ar athruithe a bhfuil an t-athrú aeráide ina chúis leo ar fáil i gCreatlach Oiriúnaithe Náisiúnta (um an Athrú Aeráide).

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú

Legann an tAcht na forálacha i leith athrú aeráide amach in Alt 10 (2) (n). Áirítear leo riachtanais chun:

- An t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú mar fhreagra ar an dóchúlacht go dtiocfaidh méaduithe ar chostais fhuinnimh agus ar chostais eile mar gheall ar acmhainní neamh-in-athnuaite do dhul i léig i bhfad aimsire,
- Astaíochtaí gáis ceaptha teasa antrapaigineacha a laghdú, agus
- Aghaidh a thabhairt ar an riachtanas atá ann oiriúnú d'athrú aeráide; go háirithe i dtaca le suíomh, leagan amach agus dearadh aon fhorbartha nua.

An Chreat Oiriúnaithe Náisiúnta um an Athrú Aeráide Éireann (CONAAE) - An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil - 20

Cuireann an CONAAE treoir ar fáil maidir le ról na nÚdarás Áitiúil in oiriúnú áitiúil um an athrú aeráide agus treoir ar fáil maidir le Pleananna Oiriúnaithe Áitiúla a ullmhú.

6.9.2 Comhthéacs Beartais

An Chreat Oiriúnaithe Náisiúnta - Pleanáil a Dhéanamh d'Éirinn atá Athléimneach in aghaidh an Athraithe Aeráide - An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil - 2018

Leagtar amach sa Chreat Oiriúnaithe Náisiúnta (CON) an chéad straitéis reachtúil de chuid na hÉireann i dtaca le bearta oiriúnaithe a chur i bhfeidhm in earnálacha difriúla den Rialtas, na hÚdarás Áitiúla san áireamh. Foilsíodh an chreat seo, 'CON - Pleanáil a Dhéanamh d'Éirinn atá Athléimneach in aghaidh an Athraithe Aeráide', ar 19 Eanáir 2018. Tá sé mar aidhm ag an gCreat leochaileacht an Stáit i leith na dtionchar diúltach bheidh ag an athrú aeráide a laghdú, ach iarrtar léir chomh maith aon tionchar dearfach a d'fhéadfadh bheith ann a chur chun cinn.

Déanfaidh an CON seo forbairt ar an obair suntasach atá déanta faoin CONAAE, an chreat reatha, agus déanfar cinnte léir go dtabharfar faoi oiriúnú um an athrú aeráide in Éirinn ar aon dul le deachleachtas AE agus idirnáisiúna amach anseo.

An Plean Náisiúnta Maolaithe - An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil - 2017

In Iúil 2017, foilsíodh an chéad Phlean Náisiúnta Maolaithe, ar an chéad chéim é chun Éire a chur ar an mbealach ceart i dtreo a geilleagar a dhícharbónú.

Is Plean Uile-Rialtais é chun aghaidh a thabhairt ar na príomhearnálacha seo a leanas:

- Giniúint leictreachais
- Timpeallacht Thógtha
- Iompar
- Talmhaíocht

Cuireann na bearta atá leagtha amach sa phlean dúshraith síos maidir le hÉirinn a aistriú go geilleagar ísealcharbóin, atá athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, faoi 2050. Mar thacaíocht dó sin, cuimsíonn an Plean os cionn 100 gníomh d’Airí agus comhlachtaí poiblí éagsúla maidir le dul chun cinn agus cur i bhfeidhm an phlean.

An Creat Náisiúnta Pleanála (CNP)

Luaitear sa CPN: *“Cé go bhfuil caighdeán ár gcomhshaoil go maith ar an iomlán, déanann sé sin roinnt de na bagairtí atá romhainn anois. I measc na bpríomhdhúshlán náisiúnta maidir leis an gcomhshaoil, ní mór dlús a chur le gníomhú ar son na haeráide”.*

Is é an aidhm atá ag Cuspóir Beartas Náisiúnta CBN 8 iarracht a dhéanamh aistriú i dtreo sochaí ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide a spreagadh. Déanfar iarracht leis an gcuspóir beartais seo roghanna infheistíochta a spreagadh a bheidh ag teacht le chéile leis na haidhmeanna a leagtar amach sa Phlean Náisiúnta Maolaithe agus an Chreat Náisiúnta Oiriúnaithe. Mar chuid de sin, glacfar cur chuige a dhíríonn níos mó ar fhuinneamh in-athnuaite agus a thugann tús áite d’fhoinsí fuinnimh cosúil le fuinneamh gréine, gaoithe agus tonnta.

An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch - 2019-2031

Leagtar amach sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE), a foilsíodh i Meitheamh 2019, beartas comhtháite chun cruthú réigiún inbhuanaithe a chumasú a bhfuil an cumas acu bheith athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide amach anseo. Dearadh na Cuspóirí Beartais Réigiúnacha (CBRanna) sa SRSE chun bearta éifeachtúlachta in úsáid uisce agus fuinnimh a chur chun cinn agus an t-aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm acu athrú modhanna i dtreo iompar glas agus roghanna fuinnimh glasa a spreagadh, chomh maith le láidreacht na n-éiceachóras áitiúil réigiúnach, tríd an straitéis réigiúnach bonneagair ghlais.

I dtaca leis an athrú aeráide go sonrath, pléann CBR 7.29 le liosta gás ceaptha teasa don réigiún a ullmhú chun eolas a dhéanamh do phlean gníomhaíochta straitéiseach maolaithe a ullmhú. Éilíonn CBR 7.31 ar Údarás Áitiúla Straitéisí um an Athrú Aeráide (SAA) a ullmhú, chomh maith le straitéisí áitiúla oiriúnaithe agus maolaithe um an athrú aeráide. Tá Straitéis um an Athrú Aeráide de chuid na Mí beagnach ullmhaithe anois agus tá sí le foilsiú i R3 2019.

6.10 Fuinneamh

Leagtar béim níos mó ar an ngá le soláthar fuinnimh seasmhach agus leanúnach de bharr shuíomh oileán na hÉireann ar imeall na hEorpa. In ainneoin an laghdaithe ar úsáid fuinnimh in Éirinn le déanaí, caitear méid suntasach ar iompórtálacha fuinnimh go fóill. Cuireann beartais Idirnáisiúnta, AE agus Náisiúnta sochaí atá i bhfad níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de agus a bhraitheann ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe a chur chun cinn. Déanfar cinnte go mbeimid iomaíoch go hidirnáisiúnta mar gheall ar úsáid agus éileamh níos airde ar fhoinsí dúchasacha agus ar shlándáil soláthair níos fearr. Dá bharr sin, tabharfar faoi bheartais agus cuspóirí a chuireann bearta éifeachtúlachta fuinnimh chun cinn, agus a chuireann forbairt acmhainní dúchasacha chun cinn, le linn shaolré an Phlean seo.

Tá ról uileghabhálach ag an bPlean Forbartha maidir le todhchaí atá níos inbhuanaithe ó thaobh fuinnimh de a chur ar aghaidh sa Chontae. Déanfar é sin tríd an ról lárnach atá ag pleanáil úsáide talún i dtaca le sochaí ísealcharbóin a chur chun cinn agus na tionchair ar an athrú aeráide a mhaolú a aithint.

6.10.1 Comhthéacs Reachtúil

Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh 2010 (2010/31/AE) (EPBD)

Tá sé mar aidhm ag an treoir seo feidhmíocht fuinnimh ar ardleibhéal i bhfoirgnimh a chur chun cinn agus tá sé mar aidhm aige forálacha na Treorach 2002/91/EC, a n-aisghairtear leis seo, a neartú. Tá sprioc sa EPBD chomh maith go mbeidh gach foirgneamh nua faoi úinéireacht phoiblí agus a bhfuil comhlachtaí poiblí iontu ina fhoirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de faoi 31 Nollaig 2018.

An Treoir an AE maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2012 (2012/27/AE)

Trasuódh an treoir seo isteach i nDlí na hÉireann mar I.R. 426 de 2014, Rialacháin an Aontais Eorpach (Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014, agus leagtar amach ann treochlár beartais go dtí 2020 agus aithnítear ann bearta nach mór do na Ballstáit a thabhairt isteach chun go mbainfidh an AE na spriocanna atá ina gceangal maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus le hastaíochtaí.

Páipéar Bán maidir le Beartas Náisiúnta Fuinnimh - Aistriú na hÉireann i dtreo Geilleagar ina nÚsáidtear Fuinnimh Ísealcharbóin - An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil - 2015-2030

Forbraíodh an chreat náisiúnta beartais fuinnimh i gcomhthéacs an róil shuntasaigh a imríonn institiúidí Eorpacha i mbeartas, margaidh agus rialúchán fuinnimh a shocrú. Cuireann sí cuspóirí agus comhaontuithe Eorpacha agus Idirnáisiúnta um an athrú aeráide san áireamh, chomh maith le tosaíochtaí fostaíochta, sóisialta agus eacnamaíocha na hÉireann.

Rialacháin Foirgníochta - Cuid L-S I.R. Uimh. 259 - An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil - 2011

Baineann Cuid L de na Rialacháin Foirgníochta 2011 le háiteanna cónaithe nua agus reatha araon. Baineann na rialacháin seo le Cuid L i nDoiciméad Treorach Teicniúil L - Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú a chur i bhfeidhm.

6.10.2 Comhthéacs Beartais

An Pacáiste um an Athrú Aeráide agus Fuinneamh - An tAontas Eorpach - 2010

Ag leibhéal na hEorpa, leagtar amach sna tiomantais '20/20/20' arna socraíodh faoi 'Phacáiste Aeráide agus Fuinnimh' an AE na trí sprioc seo a leanas don bhliain 2020:

- Astaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú 20% ar a laghad bunaithe ar leibhéal 1990.
- Phríomhúsáid fuinnimh a laghdú 20% i gcomparáid le leibhéal réamh-mheasta, lena bhaint amach trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- 20% den ídiú fuinnimh deiridh a ghiniúint trí acmhainní inathnuaite fuinnimh.

Straitéis na hEorpa in 2020

Glacadh leis an straitéis seo in 2010 agus is í a haidhm ná An Eoraip a chumasú chun teacht as an ngéarchéim eacnamaíochta agus bheith i riocht níos láidre, agus leagtar amach cúig sprioc ceannlíne lena n-áirítear an t-athrú aeráide.

Is iad seo a leanas Spriocanna Náisiúnta na hÉireann suas go dtí 2020:

- Astaíochtaí san earnáil neamhthrádála a laghdú 20% i gcomparáid le leibhéal 2005.
- An sciar ábhar in-athnuaite maidir le tomhaltas deiridh fuinnimh a ardú go dtí 16% agus gluaiseacht i dtreo ardú 20% ar éifeachtúlacht fuinnimh.

An 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh de chuid na hÉireann - An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil 2017-2020

Deimhnítear arís sa 4ú Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (PGNEF) de chuid na hÉireann a foilsíodh in 2017 tiomantas na tíre chun éileamh fuinnimh a laghdú 20% ar fud an gheilleagair faoi 2020 chomh maith le laghdú 33% in úsáid fuinnimh san earnáil phoiblí. Leagtar amach sa PGNEF bearta tíosacha ar fhuinneamh a chuirfear i bhfeidhm chun spriocanna náisiúnta coigilte fuinnimh a bhaint amach.

Tithe Baile A Sheachadadh, Pobail A Chothabháil - Ráiteas ar Bheartas Tithíochta - An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil 2007

Thacaigh an doiciméad seo le teicneolaíocht nua agus cineálacha cur chuige nuálaíoch a ghlacadh maidir le háitreabh a dheardh agus a thógáil chun an caighdeán agus an fheidhmiúlacht fuinnimh a fheabhsú thar an saolré¹⁰.

Todhchaí Inbhuanaithe Fuinnimh a Sholáthar d'Éirinn - An Chreatlach Beartais Fuinnimh - An Roinn Cumarsáide, Muirí agus Acmhainní Nádurtha 2007-2020, 2007

Bhí roinnt bearta sa Pháipéar Bán seo maidir leis an margadh fuinnimh go ginearálta, lena n-áirítear glacadh le teicneolaíocht nua agus cuir chuige nuálacha i leith tithe cónaithe a dheardh agus a thógáil.

I dTreo Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh in Éirinn - Pleanáil do 2020 agus Thairis - An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil - 2012

D'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an doiciméad seo in 2012. Tá sé mar aidhm ag an earnáil phoiblí feabhas 33% a chur ar a feidhmiúlacht fuinnimh faoi 2020, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (PGNEF) agus, i gcomhréir le riachtanais na Treorach 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh (athmhúnlú), “measfaí go mbeadh an earnáil phoiblí ag tabhairt ceannaireacht le deashampla d'fhonn a chur in iúl go soiléir do gach earnáil cad is féidir a bhaint amach le clár bearta láidre agus tiomanta”.

Treoirínite maidir le Forbairt Fuinnimh Gaoithe - An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil - 2006

Leagann na Treoirínite seo na paraiméadair amach maidir le forbairtí feirmeacha gaoithe a lonnú agus a dheardh. Leagann siad béim ar thábhacht fuinnimh gaoithe mar acmhainn fuinnimh in-athnuaite.

Dréacht-Athbhreithniú ar Threoirínite Fuinnimh Gaoithe, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, 2007

Foilsíodh an dréacht-athbhreithniú, atá ag teacht chun cinn, ar na Treoirínite Fuinnimh Gaoithe 2006 i Meitheamh 2017¹¹. Rinneadh an t-athbhreithniú i gcomhthéacs iarracht a dhéanamh a chinntiú gur féidir le hÉirinn a spriocanna fuinnimh in-athnuaite AE a bhaint amach, fad a thugtar aghaidh ar ábhair imní na bpobal áitiúil sna ceantair ina moltar forbairtí feirmeacha gaoithe ag an am céanna.

Dréacht-Phlean Bithfhuinnimh d'Éirinn, An Roinn Cumarsáide, Muirí agus Acmhainní Nádurtha - 2014

Tá cumas mór ag Éirinn chun a hacmhainní bithfhuinnimh a fhorbairt chun leictreachas a ghiniúint lena úsáid mar bhreosla iompair, chun foirngimh a théamh agus a fhuarú agus lena thiontú i mbithcheimiceáin mar amhábhair tionsclaíochta.

¹⁰ Tithíocht Ardchaighdeán do Phobail Inbhuanaithe ina gcuirtear chun cinn caighdeán arda deartha agus feidhmiúcháin comhshaoil

¹¹ Rinne an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an t-athbhreithniú i gcomhar leis an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus páirthe leasmhara ábhartha.

6.10.3 Fuinneamh In-athnuaite

Maíonn Cuid 9.2 den CBN an méid seo a leanas maidir le fuinneamh: *“Díríonn beartas náisiúnta fuinnimh na hÉireann ar thrí cholún: (1) inbhuanaitheacht, (2) slándáil soláthair (3) iomaíochas. Aithníonn an Rialtas nach mór astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn ag an leibhéal a bhí ann ón earráil fuinnimh in 1990 a laghdú 80% faoi 2050, agus ag an am céanna slándáil soláthair a chinntiú a chuireann foinsí iomaíocha fuinnimh ar fáil dár ndaoine agus dár ngnótha”*.

Áirítear leis na roghanna fuinnimh in-athnuaite indéanta a d’fhéadfadh úsáid don Chontae measán cothrom de na fuinnimh seo a leanas, ach gan a bheith teoranta do:

- Bithfhuinneamh - barra, foraoiseacht;
- Bithmhais - díleá anaeróbach, cumhacht is teas in éineacht (CTÉ);
- Geoiteirmeach - taiscumair carraige tirime te, uiscígh screamhuisce;
- Hidreafhuinneamh - hidreachórais bheaga agus an-bheaga;
- Fuinneamh gréine - téamh éighníomhach gréine, téamh gníomhach gréine;
- Dramhaíl - bailiú gáis meatáin ó líonta talún;
- Tonnta - gníomh tonnta, agus;
- Gaoth - gaoth ar tír, gaoth ar muir (tuirbín aonair agus grúpaí tuirbíní).

Leagann CBR 7.34 den SRSE go bhfuil Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (TROLT) ag moladh, i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla atá mar chuid de laistigh den réigiún, Criosanna Straitéiseacha Fuinnimh (CSF) a aithint. Ainmneoidh na criosanna seo ceantair atá oiriúnach le tionscadail giniúna fuinnimh níos mó a chur iontu; déanfar scrúdú ar ról an mhicreatháirgthe fuinnimh in áiteanna uirbeacha agus tuaithe, agus déanfar plé chomh maith ar an acmhainneacht a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh i gceantair a aithnítear go sonrach le haghaidh forbairt thionsclaíoch. Maidi leis na CSFanna sa réigiún, déanfar cinnte de go gcuirfear gach saincheist chomhshaoil san áireamh go luath mar chuid den anailís tosaigh sula n-aithneofar na criosanna. Déanfar straitéis tírdhreacha réigiúnach a fhorbairt chun tacú le tionscadail a sholáthar i CSFanna.

6.10.3.1 Fuinneamh Gréine

Tá réimse teicneolaíochtaí ar fáil le haghaidh leas a bhaint as na buntáistí a bhaineann le fuinneamh na gréine a úsáid, lena n-áirítear grianphainéil, grianfheirmeacha, áiseanna stórála fuinnimh gréine, ar rudaí iad go léir a chuireann leis an éileamh fuinnimh a laghdú. Is féidir teicneolaíochtaí nua a dhearadh mar chuid d’fhoirgnimh nó is féidir iad a aisfheistiú. Go déanaí, breathnaíodh go dearfach ar fheirmeacha gréine ar scála mór in áiteanna oiriúnacha sa Chontae. Ó Bhealtaine 2019, tugadh cead planála d’fhiche feirm ghréine fhótavoltach ar fud an Chontae ach níor cuireadh tús le forbairt go dtí seo. Tá roinnt tograí eile le haghaidh feirmeacha gréine ag an gcéim réamhphleanála.

Ní cheadófar tograí chun feirmeacha gréine a fhorbairt laistigh de cheantair a aithnítear mar cheantair sna Criosanna Tuile A nó B, de réir mar a leagtar amach i *dTreoirlínte maidir le Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte 2009* d’Údaráis Phleanála (nó aon treoirlínte nuashonraithe).

6.10.3.2 Fuinneamh Gaoithe

Go dtí seo, ba é fuinneamh gaoithe an foinse ba mhó leictreachais in-athnuaite. In 2017, bhí acmhainn shuiteáilte fuinnimh gaoithe ar fud oileán na hÉireann tar éis méadú go dtí 2,851 MW. Ach má tá Éire ár sprioc 2020 i leith leictreachas in-athnuaite a bhaint amach, ní mór dlús a chur faoi

ráta tógála na bhfeirmeacha gaoithe ar tír ón meán stairiúil de 180 MW in aghaidh na bliana go dtí 250 MW in aghaidh na bliana ar a laghad¹².

Mar gheall ar fhás fuinnimh in-athnuaite, agus fuinneamh gréine ach go háirithe, ní mór bonneagar leictreachais a nua-chóiriú agus a leathnú. Tá dúshláin roimh Éire go fóill a bhaineann go dlúth le húsáid bhreise a bhaint as fuinneamh in-athnuaite i leictreachas, téamh agus iompar, lena n-áirítear creatlaigh intuartha agus thrédhearcacha, cinnteacht rialála, éifeachtúlacht agus éifeachtacht ó thaobh costais de agus glacadh sóisialta.

Leanfaidh an Chomhairle de thacaíocht a thabhairt d'fhuinneamh gaoithe a fhorbairt i bprionsabal agus spreagadh a thabhairt dó sin, i gcomhréir le beartas an Rialtais agus ag féachaint d'fhorálacha Mheasúnú Tréithithe Tírdhreacha an Chontae agus na dTreoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe (2006), nó aon athbhreithnithe orthu sin.

6.10.3.3 Fuinneamh Geoiteirmeach

Choimisiúnaigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann staidéar in 2004 ar fhuinneamh geoiteirmeach in Éirinn. D'aithin an staidéar seo acmhainní náisiúnta fuinnimh gheoiteirmigh a d'fhéadfadh bheith ann. De réir na tuarascála, tá na foinsí bogtheo is flúirsí le fáil sa cheantar thart ar Mhala i gContae Chorcaí thuaidh agus ceantar Bhaile Átha Cliath/na Mí/Chill Dara. Is ionann an grádán geoiteirmeach ab airde a taifeadadh ag 1000 méadar i bPoblacht na hÉireann agus 28.4 céim celcius/km agus taifeadadh é sin thart ar thuaisceart Chontae na Mí. Faoi láthair, tá Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann ag tabhairt faoi staidéar breise ar acmhainní fuinnimh gheoiteirmigh éadomhain in Éirinn. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo treoirlínte deachleachtais a chur ar fáil maidir le córais gheoiteirmeacha in Éirinn, mapaí oiriúnachta ar mhaithe le hacmhainní fuinnimh gheoiteirmigh éadomhain a úsáid agus bunachar sonraí maidir le córais atá ann a chur ar fáil.

6.10.3.4 Bithfhuinneamh

Is fuinneamh gréine é bithfhuinneamh a táthaíodh i mbithmhais le linn phróiseas na fótaisintéise. Úsáidtear grianfhuinnimh sa phróiseas fótaisintéise chun dé-ocsaíd carbóin ón atmaisféar a mheascadh le huisce agus le cothaithe éagsúla eile ón ithir chun ábhar planda a dhéanamh - bithmhais. Spreagfaidh an Chomhairle táirgeacht bhithbharra don bhithmhais chun fuinneamh inbhuanaithe a ghiniúint.

6.10.3.5 Hidreafhuinneamh

Spreagann an Chomhairle aibhneacha a úsáid, más oiriúnach, sa Chontae chun Hidreafhuinneamh a fhorbairt, agus tacóidh sí ach go háirithe le forbairtí le taobh bruachanna aibhneacha a mholann hidreafhuinneamh chun gné dá riachtanais fuinnimh a chur ar fáil. Ní spreagfaidh an Chomhairle úsáid a bhaint as an gcóras canálach mar tá sé ainmnithe le haghaidh úsáid turasóireachta agus taitneamhachta. I gcás gach togra, rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus lascaigh Intíre Éireann maidir leis an tionchar a bheadh ag tograí den chineál sin ar ghluaiseacht gan bhac éisc, cáillíochtaí salmainide na habhann agus tionchar éiceolaíoch ar aon suíomh a bhfuil ainmiú AE nó náisiúnta aige.

6.10.4 Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tacaíonn an Chomhairle le fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint ag an leibhéal 'áitiúil' agus tuigeann sí na tairbhí a bhaineann pobail áitiúla as sin, mar shampla úsáid a bhaint as fuinneamh gréine mar mhodh

¹² Foinse: An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, 2017

chun cur ar chumas pobail bheith i gceannas ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh. Beidh rannpháirteachas le pobail áitiúla ina chuid ríthábhachtach de straitéis fuinnimh na Comhairle amach anseo, agus d'fhéadfaí an rannpháirteachas sin a fhorbairt tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP). D'fhéadfadh úsáid a bhaint as chun eolas a thabhairt do dhaoine faoi na tairbhí eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta a bhaineann leis an aistriú ó bhreoslaí soladacha/iontaise i dtreo geilleagar ísealcharbóin.

Déanfaidh an Chomhairle dianiarracht:

- Úsáidí réasúnacha fuinnimh a chur chun cinn;
- Fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn;
- Faisnéis faoi fhuinneamh a chur chun cinn agus a scaipeadh;
- An comhshaoil a chosaint;
- Cur amú fuinnimh a laghdú i ngach earnáil den tsochaí, agus;
- É a spreagadh go gcuirfí fuinneamh in-athnuaite arna ghiniúint sa réigiún in áit breoslaí iontaise iompórtáilte chun iarracht a dhéanamh slándáil soláthair fuinnimh a chinntiú, más féidir.

Tá Éire tiomanta dá spriocanna fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlachta a bhaint amach roimh 2020, mar a leagann an Coimisiún Eorpach síos faoin treoir um fhuinneamh in-athnuaite¹³.

Is é beartas na Comhairle:

BEA BON 34	Foinsí fuinneamh in-athnuaite agus roghanna malartacha fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, áit nach n-imríonn forbairt den chineál sin tionchar diúltach ar an timpeallacht mhórthimpeall (cáilíocht uisce san áireamh), an tírdhreach, an bithéagsúlacht, an oidhreacht nádúrtha agus thógtha nó taitneamhachtaí áitiúla.
BEA BON 35	Laghdú ar gháis ceaptha teasa a iarraidh trí éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt, foinsí a bhaineann úsáid as acmhainní nádúrtha an Chontae ar bhealach atá inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de agus atá ag teacht le chéile le deachleachtas agus prionsabail phleanála.
BEA BON 36	Tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide agus bearta a éascú lena ndéantar astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú.
BEA BON 37	Iarracht a dhéanamh éifeachtúlacht fuinnimh sholáthar foirgneamh reatha an Chontae a fheabhsú i gcomhréir le dea-chleachtas caomhantais ailtireachta agus an éifeachtúlacht fuinnimh agus an caomhantas a chur chun cinn i ndearadh agus forbairt gach foirgnimh nua sa Chontae, i gcomhréir le Cuid L de na Rialacháin Foirgníochta (Breosla agus Fuinneamh a Chaomhnú).
BEA BON 38	Tograí nua forbartha a spreagadh chun an éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú leis an láithreánú, an leagan amach agus an dearadh, agus an dea-chleachtas a chuimsiú maidir le teicneolaíochtaí fuinnimh, an caomhantas agus an teicneolaíocht chliste.
BEA BON 39	Baint amach ardchaighdeán éifeachtúlachta fuinnimh agus inbhuanaitheachta comhshaoil a spreagadh san fhorbairt, an méid seo a leanas san áireamh:

¹³ <https://ec.europa.eu/energy/en/topics/renewable-energy>

	<ul style="list-style-type: none"> 1 - Dearadh suímh bithaeráide¹⁴ 2 - Caomhnú Uisce; 3 - Aeráil; 4 - Straitéisí maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh; 5 - Anailís ar Sholas an Lae; 6 - Ardchaighdeáin Inslithe, 7 - Teicneolaíochtaí cliste, agus; 8 - Fuinneamh In-athnuaite.
BEA BON 40	Tacú le scéimeanna pólótacha, agus iad a spreagadh, a chuireann bealaí nuálacha chun éifeachtúlacht fuinnimh a thabhairt le chéile.
BEA BON 41	Fuinneamh gaoithe a spreagadh i gcomhréir le beartas an Rialtais agus ag féachaint d'fhorálacha Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha den Chontae agus na dTreoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe (2006), nó aon athbhreithnithe orthu sin.
BEA BON 42	I gcomhar le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (TROLT), tacú le Criosanna Fuinnimh Straitéiseacha a aithint, ar ceantair iad ina mbeadh sé oiriúnach tionscadail mhór ghiniúna fuinnimh a lonnú i gceantar Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre.
BEA BON 43	Éileamh a dhéanamh go mbeidh staidéar iomlán ar loinnir agus dallrú in éineacht le gach togra forbartha i dtaca le heagair fhótavoltacha grianphainéal gar d'Aerfort Bhaile Átha Cliath chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar shábháilteacht eitlíochta (Féach Caibidil 5 Gluaiseacht, Cuid 7.11, An Earnáil Eitlíochta).
BEA BON 44	Tacú le Pobail Fuinnimh Inmharthana agus tionscnaimh de chuid grúpaí pobail áitiúil chun deiseanna fuinnimh ghlain a fhorbairt laistigh den chontae.
BEA BON 45	Tacú le Straitéis áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ba cheart don straitéis rioscaí laigí san aeráid a aithint, astaíochtaí a tháirgtear a thomhas, costais a aithint agus tús áite a thabhairt do bhearta oiriúnaithe i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe.

Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle:

CUS BON 39	Tacú le gealltanais fuinnimh inathnuaite na hÉireann, arna léiriú sa bheartas náisiúnta, trí fhorbairt agus saothrú foinsí fuinnimh inathnuaite, amhail fuinneamh gréine, gaoithe, geoiteirmeach, hidreafhuinneamh agus bithfhuinneamh, a éascú ag suíomhanna oiriúnacha sa Chontae, nuair nach mbeidh drochthionchar ag an bhforbairt sin ar an timpeallacht máguaird (cáilíocht an uisce san áireamh), an tírdhreach, an bhithéagsúlacht nó ar thaitneamhachtaí áitiúla ionas go bhfreastalófaí ar tuilleadh forbairt cónaitheach agus fiontraíochta sa chontae.
CUS BON 40	Iarracht a dhéanamh spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú sa Chontae trí éileamh ar fhuinneamh i bhfoirgnimh atá ann a laghdú, ach go háirithe áiteanna cónaithe.

¹⁴ Déanann sé seo tagairt d'fhoirgnimh atá ag teacht le chéile go maith leis an timpeallacht nádúrtha thart orthu agus an aeráid áitiúil. Má úsáidtear dearadh bithaeráide, déantar fuinneamh agus airgeadh a shábháil, cosnaítear an comhshaol agus cuirtear feabhas ar dhálaí maireachtála faoi dhíon na gcónaitheoirí

CUS BON 41	Giniúint agus soláthar roghanna eile fuinnimh ísealcharbóin agus in-athnuaite a chur chun cinn, ag féachaint do na deiseanna a chuireann ordlathas lonnaíochta an Chontae agus an timpeallacht thógtha ar fáil.
CUS BON 42	Tacú le poitéinseal fuinnimh inathnuaite sa Chontae a thaifeadadh agus monatóireacht a dhéanamh air i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) san áireamh.
CUS BON 43	Grianphainéil fhótavoltacha a éileamh, i gcás go mbeidh siad indéanta agus infheidhme, ar fhorbairtí nua cónaithe agus tráchtála, agus ar fhoirgnimh nua phoiblí chun críocha leictreachas a ghiniúint/stóráil agus/nó uisce a théamh ionas go n-íoslaghdófaí astaíochtaí carbóin agus go laghdófaí an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus costas fuinnimh.
CUS BON 44	Soláthar teicneolaíochta díonta glasa a éileamh, más féidir agus más infheidhme, i gcás gach foirgneamh poiblí nua (foirgnimh Chomhairle, foirgnimh scoile, ospidéile, lárionaid phobail, áiseanna spóirt, leabharlanna, stáisiúin na nGardaí srl) chun tacú le maolú tuilte, insliú agus bithéagsúlacht níos fearr, agus chun na bearta sin a chur chun cinn más cuí i bhfoirgnimh nua tráchtála agus thionsclaíochta.
CUS BON 45	A chinntiú go mbíonn gach plean agus gach tionscadal a bhaineann le giniúint nó soláthar fuinnimh nó líonraí teileachumarsáide faoi réir Scagadh Measúnachta Cuí agus go ndéanfar Measúnacht Chuí ar na pleannanna agus ar na tionscadail sin a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ina n-aonar nó i gcomhar le pleannanna nó le tionscadail eile, ar láithreán (nó láithreáin) Natura 2000.
CUS BON 46	Tacú le cur i bhfeidhm na mbeart sa Straitéis um an Athrú Aeráide agus sa Phlean Gníomhaíochta um Bhainistíocht Fuinnimh 2011-2012, “Think Globally Act Locally”, de chuid Chomhairle Contae na Mí.
CUS BON 47	Scrúdú a dhéanamh ar Straitéis Fuinnimh Inathnuaite a ullmhú ina ndéanfar na teicneolaíochtaí is inmharthana i gContae na Mí a chur chun cinn.
CUS BON 48	Tacú le gealltanais na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite trí úsáid córas teasa dúiche a chur chun cinn i bhforbairtí uirbeacha cónaitheacha agus fiontraíochta, áit nach mbeidh tionchar diúltach ag forbairtí den chineál sin ar an tírdhreach, comhshaol, bithéagsúlacht agus taitneamhachtaí áitiúla thart orthu.
CUS BON 49	Tacú le teaschaidéil a úsáid mar mhalartú ar choirí gáis, más cuí, i bhforbairtí baile agus tráchtála.

6.10.5 Bonneagar Líonraí Fuinnimh

6.10.5.1 Líonraí Leictreachais agus Gáis

Is iad an leictreachas agus an gás an dá phríomhfhoinsé fuinnimh atá ag freastal ar an gContae. Mar gheall ar shuíomh an Chontae laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath chomh maith leis an acmhainneacht atá ann maidir le forbairt eacnamaíoch agus forbairt chónaitheach lena mbaineann le linn thréimhse an Phlean, tá sé soiléir go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go bhféadfaidh na líonraí atá ann a uasghrádú agus acmhainn fheabhsaithe a chur ar fáil. Tá an acmhainn seo riachtanach chun éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt an Chontae amach anseo ar aon dul leis an gCroístraitéis agus an Straitéis Lonnaíochta.

Tarraingíonn an SRSE aird ar an tábhacht a bhaineann le húsáid fuinnimh ó fhoinsí breoslaí iontaise a laghdú agus cuireann sé úsáid foinsí níos inbhuanaithe chun cinn, cosúil le fuinneamh gaoithe, tonnta, gréinse agus bithmhais. Mar gheall ar úsáid córas teicneolaíochta cliste, an t-aitheantas go bhféadfadh foirgnimh a bheith ina ngineadóirí agus úsáideoirí fuinnimh araon agus cur chun cinn na bhfeithicilí leictreacha, beidh brú níos mó ar an greille náisiúnta leictreachais. Mar sin, tá sé tábhachtach an ghreille náisiúnta a neartú ar roinnt cúiseanna, lena n-áirítear feabhas a chur ar sholáthar slándála don mhargadh baile, cónaithe agus fiontraíochta chomh maith le fiontair ardleibhéil a mhealladh, fiontair a dteastaíonn acmhainn agus iontaofacht shuntasach fuinnimh uathu go minic.

6.10.5.2 Idirnascaire Thuaidh-Theas

Is togra é an t-idirnascaire thuaidh theas le haghaidh nasc leitreachas os cionn talún a nascann an stáisiún tiontaire ag Fearann na Coille, Baile an Bhóthair, Contae na Mí leis an stáisiún tiontaire in Turleenan i gContae Thír Eoghain. Téann an t-idirnascaire tríd an Mí, An Cabhán agus Muineachán. Thug An Bord Pleanála cead pleanála do na stráicí i gContae na Mí, Contae an Chabháin agus Contae Mhuineacháin i Nollaig 2016. I ndiaidh agóid dhlíthiúil ar éirigh léi, tá moill curtha leis an gcead pleanála don stráice ó thuaidh den idirnascaire.

Leagtar amach i gCuid 10.3 den SRSE an méid seo a leanas i dtaca le hidirnascairí leictreachais thuaidh-theas amach anseo: *“Tá nascthacht níos fearr le greillí eile ag teastáil chomh maith agus tá tionscadail cosúil leis an idirnascaire thuaidh-theas thar a bheith tábhachtach don réigiún”*.

Is é beartas na Comhairle:

BEA BON 46	Tacaíocht a thabhairt do agus éascaíocht a dhéanamh ar sholáthairtí feabhsaithe leictreachais agus gáis, agus líonraí lena mbaineann, a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an Chontae sa lá atá inniu ann agus amach anseo, agus chun éascaíocht a dhéanamh ar thionscadail nua bonneagair tarchuir a d'fhéadfadh tabhairt chun tosaigh le linn shaolré an phlean, soláthar agus comhtháthú san áireamh, lena n-áirítear nasc le tograí fuinnimh in-athnuaite leis an ngreille tarchuir leictreachais, ar bhealach inbhuanaithe agus tráthúil.
BEA BON 47	Comhoibriú le agus dul i gcomhairle le soláthróirí reachtúla agus fuinnimh eile maidir le giniúint fuinnimh d'fhonn a chinntiú go mbeidh dóthair acmhainne fuinnimh ann do riachtanais fiontar agus gnóthaí sa lá atá inniu ann agus amach anseo.
BEA BON 48	A chinntiú go gcloíonn bonneagar tarchuir fuinnimh le deachleachtas maidir le lonnú, dearadh agus an tionchar is lú is féidir a bheith aige ar an gcomhshaol ar mhaithe leis an tírdhreach a chosaint.
BEA BON 49	Éileamh a dhéanamh, i ngach forbairt nua, go gcuirfí spás ar fáil do sheirbhísí iolracha i stiallacha comhroinnte faoi thalamh agus go roinnfí clúdaigh rochtana más féidir.
BEA BON 50	Éileamh a dhéanamh go lonnófaí seirbhísí áitiúla fuinnimh, cosúil le leictreachas, faoi thalamh más cuí.
BEA BON 51	Iarracht a dhéanamh gan tailte gar do phríomhchonairí iompair phoiblí, cosúil leis an iarnród, a steiriliú nuair a dheartar agus a chuirtear ar fáil bealaí/píblínte tarchuir fuinneamh amach anseo.

BEA BON 52	De ghnáth, iarracht a dhéanamh gan línte lasnairde a lonnú i suíomhanna Natura 2000, ach amháin murar féidir cruthú nach rachaidh siad i bhfeidhm ar shláine an tsuímh, is é sin trí mheasúnacht chuí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir an AE maidir le Gnáthóga.
BEA BON 53	A chinntiú nach n-imríonn tograí forbartha, oibriúchán cairéalaithe agus mianadóireachta ina bhfuil páirt ag pléascáin, tionchar diúltach ar an líonra gáis. Cuirfidh an Chomhairle iarratais ar fhorbairtí gar don líonra gáis nádúrtha ar aghaidh do Líonraí Gáis Éireann agus tabharfaidh an Chomhairle aird ar a mheasúnú ar an iarratas.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS BON 50	A chinntiú go mbeidh gach plean agus gach tionscadal a bhaineann le giniúint nó soláthar fuinnimh nó líonraí teileachumarsáide faoi réir Scagadh Measúnaithe Chúí agus go ndéanfar Measúnú Cuí ar na pleananna nó ar na tionscadail sin a bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith acu, ina n-aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile, ar láithreán (nó láithreáin) Natura 2000.
CUS BON 51	Iarracht a dhéanamh riachtanais líonra tarchuir a chomhtháthú de réir mar is gá chun éascaíocht a dhéanamh ar naisc idir tograí fuinnimh in-athnuaite agus an ghreille tarchuir leictreachais ar bhealach inbhuanaithe agus tráthúil.

6.11 Teicneolaíocht agus Faisnéise Cumarsáide

Meastar go bhfuil sé riachtanach seirbhís teileachumarsáide iomaíoch ardchaighdeán a chur ar fáil d'fhonn forbairt thionsclaíoch agus tráchtála a chur chun cinn, feabhas a chur ar shlándáil phearsanta agus tí agus cuimsiú sóisialta agus gluaiseacht a fheabhsú. Mar gheall ar an méadú ar úsáid teicneolaíochtaí nua, táthar ag brath níos mó ar sholáthar seirbhísí den chineál sin i ngach réimse le haghaidh forbairt thionsclaíoch, tráchtála, turasóireachta agus shóisialta. Tá sé riachtanach na seirbhísí sin a leathnú chun riachtanais dhaonra an Chontae agus geilleagar nua-aimseartha digiteach a chomhlíonadh.

6.11.1 Comhthéacs Reachtúil

Treoir AE 2014/61/AE (IR. 391 de 2016)

Baineann an Treoir seo leis an gcostas ar úsáid líonraí cumarsáide ardluais a laghdú chun teorainn a chur le cumas oibreoirí a líonra féin a fhorbairt agus chun an duchtáil atá ann a úsáid.

6.11.2 Comhthéacs Beartais

Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Tacaíochta – Treoirlínte do na hÚdaráis Phleanála – An Roinn Comhshaoil – Iúil 1996

Cuireann na Treoirlínte treoir ar fáil maidir le riachtanais lonnaithe agus eile le haghaidh struchtúir thacaíochta aeróga. Tugann na Treoirlínte aghaidh ar an gceist maidir le bóithre rochtana ar stáisiúin bhunáite.

Cód Cleachtais maidir le Suíomhanna Raidió a Roinnt - An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide, 2007

Déanann an Cód Cleachtais seo scrúdú ar an acmhainneacht a bhaineann le suíomhanna raidió a roinnt idir Oibreoirí 3G.

Litir Chiorcláin PL07/12 - An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil - Deireadh Fómhair 2012

Cuireann an Ciorclán seo treoir ar fáil maidir le gach cineál bonneagair teileachumarsáide maidir le fad molta na gceadanna, achair scartha ó áiteanna cónaithe/scoileanna, bannaí agus clár struchtúr.

Dréacht-Straitéis Dhigiteach do Chontae na Mí - 2019

Tabharfaidh an Straitéis seo aghaidh ar gach gné, cosúil le Bonneagar Digiteach, Oideachas Digiteach, Fiontar agus Geilleagar Digiteach agus Comhairle Dhigiteach. Tá sé beartaithe go mbeidh dréacht-straitéis ag dul amach le haghaidh comhairliúchán poiblí i R3 2019, agus táthar ag súil leis go nglacfar leis an Straitéis i R4 2019.

6.11.3 Leathanbhanda

Ceann de na príomhspreagthaí is ea é leathanbhanda maidir leis an iomaíochas a choinneáil agus tacú le forbairt shoch-eacnamaíoch. Cuireann sé nascacht ar fáil atá tar éis an chaoi a oibríonn daoine agus gnólachtaí a athrú.

Is é an Plean Náisiúnta Leathanbhanda plean an Rialtais chun seirbhísí leathanbhanda ardluais a sheachadadh go gach gnólacht, feirm agus teaghlach in Éirinn. Cinnteoidh sé go mbeidh na deiseanna digiteacha céanna ag daoine atá ina gcónaí agus ag obair i gceantair tuaithe is atá acu siúd i gceantair uirbeacha. Bronnadh an Conradh do limistéar idirghabhála Stáit an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda i mí na Samhna 2019. Déanfaidh an Chomhairle iarracht feabhas a chur ar sholáthar leathanbhanda i gContae na Mí le linn thréimse an Phlean Forbartha i gcomhréir le beartas náisiúnta chun:

- Tarraingteacht áiteanna réigiúnacha taobh amuigh de na lárionaid uirbeacha d'fhorbairt eacnamaíoch, idir ghnóthaí dúchasacha agus infheistíocht dhíreach eachtrach, a chur chun cinn;
- Éascaíocht a dhéanamh ar shocruithe níos solúbtha oibre, cosúil le hobair ón mbaile;
- Aonrú sóisialta a laghdú.

6.11.4 Aeróga Teileachumarsáide

Aithníonn an Chomhairle an bunriachtanas atá le líonraí cumarsáide agus teicneolaíochta faisnéise ardchaighdeáin chun iomaíochas gheilleagar an chontae, agus a ról chun tacú leis an bhforbairt réigiúnach agus náisiúnta go ginearálta, a chinntiú.

Beidh sé mar chur chuige roghnaithe go gcomhlíonann gach struchtúr tacaíochta nua an beartas comhlonnaithe agus bailithe sna treoirínte reatha nó aon treoirínte den chineál sin a thagann ina n-áit, agus éileofar go roinnfear na struchtúir atá ann má cheaptar go bhfuil líon na n-aeróga in aon cheantar amháin iomarcach. Tacófar le haeróga atá deartha go cuí a chur ar thoscán sráide agus cuailí solais in áiteanna oiriúnacha. Beidh cúram agus aird ar leith ag teastáil i Limistéar Caomhantais Ailtireachta.

Mar gheall ar mhéid na struchtúr crann agus na hábhair a úsáidtear chun iad a thógáil, d'fhéadfadh struchtúir den chineál sin tionchar a imirt ar thírdhreacha tuaithe agus uirbeach. Agus measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála, ní mór bheith an-chúramach chun an damáiste a íoslaghdú trí shuíomhanna cuí a roghnú agus úsáid a bhaint as dearadh cuí maith. Agus measúnú á dhéanamh ar thograí, cuirfidh an Chomhairle cearta bealaigh agus bealaí siúil san áireamh chomh maith. Ba cheart go ndearfaí struchtúir crainn go simplí agus go gcuirfí bailchríoch maith orthu. Ba cheart go n-úsáidfí an

teicneolaíocht is déanaí d'fhonn méid agus tionchar amhairc na gcrann a íoslaghdú. Nuair atá struchtúir aeróga suite i gceantair sléibhe/cnocach nó sléibhtiúil, is mó atá siad sofheicthe agus nochta. Sna háiteanna seo, is féidir an tionchar ar an tírdhreach a laghdú trí thoim, crainn srl a chur mar sciath nó cúlra, más cuí. Spreagfar aeróga faoi bhréagíocht, mar shampla mar chrainn, in áiteann cuí.

I gcomhréir le ciorclán PL07/12¹⁵, iarrfaidh an Plean tacú le hiarratais ar bhonneagar teileachumarsáide in áiteanna cuí i gcomhréir leis na riachtanais chomhshaoil ar fad.

Is é beartas na Comhairle:

BEA BON 54	Soláthar bonneagair ardchumais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus líonra leathanbhanda agus craoltóireacht dhigiteach a éascú ar fud an chontae.
BEA BON 55	A iarraidh go suiteálfar TCF nua-aimseartha iomchuí, lena n-áirítear naisc snáthoptaice rochtana oscailte i ngach forbairt nua agus neart duchtaithe atá neodrach ó thaobh iompróra de, le linn oibreacha bonneagair phoiblí cosúil le bóithre, iarnród, uisce agus séarachas, más féidir.
BEA BON 56	Forbairt eagraithe ar an mbonneagar teileachumarsáide ar fud an Chontae a chur chun cinn de réir cheanglais na dtreoirlínte <i>"Aeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta - Treoirlínte do'Údaráis Phleanála"</i> , Iúil 1996, ach amháin nuair atá siadsan ag teacht salach ar Chiorclán PL 07/12, a dtabharfar tús áite dó, agus aon athbhreithnithe ina dhiaidh sin nó aon treoirlínte breise sa réimse sin.
BEA BON 57	Deachleachtas maidir le cur suas aeróga cumarsáide a lonnú agus a dhearadh, agus aird a thabhairt ar <i>'Treoirlínte maidir le suíomh féideartha do bhonneagar teileachumarsáide ar bharr talaimh ar bhóithre poiblí'</i> , (An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nadúrtha, 2015).
BEA BON 58	Cainteanna réamhphleanála le soláthraithe agus le hoibreoirí seirbhíse a spreagadh agus a éascú sula gcuirfear iarratais phleanála isteach.
BEA BON 59	Comhlonnú aeróg ar struchtúir thacaíochta atá ann cheana a spreagadh agus fianaise dhoiciméadach a iarraidh maidir le neamhinfhaighteacht na rogha sin i dtograí le haghaidh struchtúir nua. Beidh ceangal ann na struchtúir atá ann cheana a chomhroinnt sa chás go meastar go bhfuil an iomarca crann suite i limistéar ar bith.
BEA BON 60	Measúnú a dhéanamh ar thograí le haghaidh suíomh na struchtúir teileachumarsáide i dtírdhreacha íogaire de réir na mbeartas atá leagtha amach sa Mheasúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS BON 52	Tacú leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a sholáthar agus a chur i bhfeidhm.
CUS BON 53	Éileamh a dhéanamh go gcuirfí cáblaí cumarsáide rochtana oscailte agus bonnegar lena mbaineann faoi thalamhi gceantair uirbeacha, ach go háirithe Limistéir Caomhantais Ailtireachta d'fhonn taitneamhachtaí amhairc na sráideanna a chosaint.

¹⁵ Litir Chiorcláin PL 07/12 Treoirlínte maidir le hAeróga Teileachumarsáide agus Struchtúir Thacaíochta, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Deireadh Fómhair 2012.

CUS BON 54 Ardcháilíocht dearaidh a bhaint amach maidir le túir agus aeróga agus aon bhonneagar eile dá leithéid ar mhaithe leis an taitneamhacht amhairc agus tírdhreach íogair a chosaint, faoi réir paraiméadair raidió agus innealtóireachta.

6.12 Bainistiú Dramhaíola

Déantar cur síos sa Phlean Réigiúnach Bainistithe Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre, 2015-2021 *“ar dhramhaíol mar aon ábhar nó earra lena bhfaigheann an t-úinéir réidh, a mbeartaíonn sé/sí fáil réidh leis nó a n-éilítear air/uirthi fáil réidh leis, faoin gCreat-Treoir Uisce (2008/98/CE)”*. Braitheann dul chun cinn eacnamaíoch sa Chontae ar chomhshaol maith agus na háiseanna bainistíochta dramhaíola a bheith ar fáil. Tá an beartas bainistíochta dramhaíola bunaithe ar Ord na Réiteach Dramhaíola an AE de chosc, ullmhú le haghaidh athúsáide, athchúrsáil, aisghabháil fuinnimh agus diúscairt inbhuanaithe.

Is éard atá i gceist le bainistíocht dramhaíola ná bearta chun an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint tríd an drochthionchar a bhaineann le giniúint agus bainistíocht dramhaíola a chosc nó a laghdú.

6.12.1 Comhthéacs Reachtuil

An Chreat-Treoir Dramhaíola - An Coimisiún Eorpach - 2008/98/EC

Cuimsíonn an Treoir seo an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as agus ord na réiteach dramhaíola. Leagtar an méid seo a leanas amach in Airteagal 4 den Treoir: *“Glacfaidh Ballstáit leis na bearta riachanacha chun a chinntiú go n-athshlánaítear dramhaíl nó faightear réidh leis gan dochar a dhéanamh do shláinte an duine agus gan próisis ná modh a úsáid a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol, ach go háirithe chun na tionchair dhiúltacha seo a leanas a sheachaint:*

- riosca d’uisce, aer, ithir, plandaí agus ainmhithe;
- núis a dhéanamh mar gheall ar thorann nó boladh; agus
- tionchar díobhálach a imirt ar an tuath nó ar áiteanna sainspéise”

Leagtar amach i dTreoir (2008/98/CE) na bearta chun méid na dramhaíola bardasaí in-bhithmhille a sheoltar chuig líonta talún a laghdú nó a atreorú beagán ar bheagán faoi 2016. Sonraíonn an Treoir na tosaíochtaí do bhainistíocht dramhaíola mar seo a leanas:

- Cosc
- Ullmhú le haghaidh Athúsáide
- Athchúrsáil
- Aisghabháil Eile (m.sh. Aisghabháil Fuinnimh)
- Diúscairt

Na hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola - An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil – 1996-2013

Tá roinnt príomhoibleagáidí dlíthiúla sna hAchtanna seo, lena n-áirítear riachtanais i leith pleanáil bainistíochta dramhaíol, bailiúchán agus aistriú dramhaíol, áiseanna dramhaíol a údarú, bearta chun táirgeadh dramhaíol a laghdú agus/nó a haisghabháil a chur chun cinn.

Rialcháin CE (Treoir maidir le Dramhaíl) 2011 (I.R. Uimh. 126 de 2011), Treoir CE 2008/98/CE

Leagtar síos sprioc sna rialacháin sin go ndéanfar 70% de dhramhaíl tógála agus scartála de dhéantús an duine a athúsáid, a athchúrsáil agus a aisghabháil agus trasúiodh é i nDlí na hÉireann in 2011. Maítear i dTuarascáil na GCC “*Dul chun cinn i dtreo spriocanna dramhaíola an AE*”, a foilsíodh i Lúnasa 2017, go raibh Éire ar an mbealach ceart agus go mbainfidh sí an sprioc seo amach faoi Nollaig 2020.

Rialcháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia agus bithdramhaíl tí) 2015

Cuireann na rialacháin seo méadú ar mhéid na dramhaíola bia atá le haisghabháil trí fhuinneamh, múirín agus díleáiteán a tháirgeadh, agus mar sin cruthaítear deiseanna do breisluach agus jabanna breise. Chomh maith leis sin, déanfaidh na Rialacháin éascaíocht ar na spriocanna a leagtar amach sa Treoir maidir le Líonadh Tí (Treoir 99/31/CE) a bhaint amach ó thaobh dramhaíl bardasach in-bhithmhílte a atreorú, rud a dhéanfar trí dhramhaíl bia tí a scairtear ag an bhfoinse a atreorú chuig múiríniú agus cineálacha eile cóireála.

6.12.2 Comhthéacs Beartais

Deis Acmhainne - Beartas Bainistithe Dramhaíola in Éirinn, An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 2012

Leagtar amach sa doiciméad na bearta ina ndéanfaidh Éire tuilleadh dul chun cinn i dtreo bheith ina sochaí athchúrsála, agus béim á leagan ar éifeachtúlacht acmhainní agus díothú líonadh talún agus dramhaíl bhardsach a lorg. Tá sé bunaithe ar chúig phríomhphrionsabal: cosc, ullmhú le haghaidh athúsáide, athchúrsáil, athshlánú agus diúscairt.

Plean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár na Tíre - Oifig Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár na Tíre - 2015-2021

Is é fíis fhoriomlán an Phlean Réigiúnaigh Bhainistíochta Dramhaíola gur cheart breathnú ar dhramhaíl mar acmhainn luachmhar ábhartha. Tacaíonn an Plean chomh maith le dul i dtreo geilleagar ciorclach gné a bhfuil an-tábhacht ag baint leis d’fhonn an leas níos mó a bhaint as acmhainní sa réigiún agus bheith níos éifeachtúil ó thaobh acmhainne de. Ní mór aistriú i dtreo geilleagar ciorclach in áit na múnlaí as dáta ‘tóg-déan-úsáid-caith amach’ má táthar chun an uailmhian maidir le héifeachtúlacht acmhainne i Straitéis na hEorpa 2020 a bhaint amach. Tá trí sprioc sa Phlean:

- Laghdú 1% sa bhliain ar mhéid na dramhaíola tí a tháirgtear thar thréimhse Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár na Tíre
- Ullmhúchán a dhéanamh chun go mbeidh ráta athúsáide agus athchúrsála 50% ann i gcás dramhaíl Bhardsach faoi 2020
- A laghdú go 0% méid na dramhaíola Bardasaí atá diúscairthe go díreach sa líonadh talún ó 2016 ar aghaidh ar mhaithe le próisis ardluacha réamhchóireála agus cleachtais aisghabhála dúchasacha.

De bhua na *nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola*, 1996-20, glactar leis go gcuimsítear cuspóirí an Phlean Bhainistíochta Dramhaíola sa Phlean Forbartha. Nuair a bhíonn coimhlint idir cuspóirí an Phlean Forbartha agus cuspóirí an Phlean Bhainistíochta Dramhaíola, tabharfar tús áite do na cuspóirí atá sa Phlean Bainistíochta Dramhaíola. Is gnó feidhmiúcháin é glacadh an Phlean Bainistíochta Dramhaíola.

Dréacht-Treoirlínte maidir le hÁiseanna Dramhaíola a Lonnú - Oifig Bainistíochta Dramhaíol an Deiscirt - 2016

Áirítear leis an bPlean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola 2015-2021 gníomh beartais G.3.1 a éilíodh go n-ullmhófaí Treoirlínte maidir le hÁiseanna Dramhaíola a Lonnú chun comhairle a thabhairt maidir le bonneagar bainistíochta dramhaíola a lonnú - ar an mbealach sin, cosnaítear an comhshaoil, sláinte an duine - agus comhairle a thabhairt maidir le cad is úsáid inbhuanaithe ann ar na tailte roghnaithe.

6.12.3 Waste Infrastructure

Ó thaobh bonneagar dramhaíola de, tá seirbhís mhaith le réimse leathan áiseanna dramhaíola sa Chontae. Tá stáisiúin aistrithe dramhaíola ann, chomh maith le háis Dramhaíol go Fuinneamh, líonadh talú, áis dramhaíola tógála agus scartála agus líonra áiseanna athchúrsála lena dtacaíonn an Chomhairle. Is cuid rithábachtach de bhainistíocht inbhuanaithe dramhaíola é athchúrsáil. Tá ionad athchúrsála san Uaimh, Baile Átha Troim, Ceanannas agus Dún Búinne. Freastalaíonn líonraí ionad fág anseo ar an gcuid eile den Chontae. Glacann na hionaid sin le réimse leathan ábhar. Tugann an Plean Bainistíochta Dramhaíola faoi deara gur dúshlán é do gach Údarás Áitiúil áiteanna cuí a aimsiú le haghaidh ionaid fág anseo. Leanfaidh an Chomhairle ag spreagadh feasachta agus méadú maidir leis an méid dramhaíola a athúsáidtear agus a athchúrsáiltear d'fhonn cuspóirí ord na réiteach dramhaíola a shásamh.

6.12.3.1 Geilleagar Ciorclach

Déantar cur síos ar dhramhaíl mar aon rud a bhfaightear réidh leis. Is éard atá geilleagar ciorclach ann ná geilleagar ina mbíonn ábhair á n-úsáid ag a luach is airde ar feadh na tréimhse ama is faide is féidir agus ansin, déantar iad a uaschúrsáil/athchúrsáil nó a athúsáid, agus ar an mbealach sin déantar méid na dramhaíola iarmharaí a íoslaghdú.

6.12.3.2 Cosc agus Laghdú

Ar aon dul le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, leanfaidh an Chomhairle ag cur clár coisc agus íoslaghdaithe dramhaíola chun cinn d'fhonn dul i ngleic leis na gnéithe uile dramhaíola sa Chontae, á dhíriú ar tháirgeoirí dramhaíola idir lucht tráchtála agus lucht teaghlaigh. Meastar go bhfuil sé rithábachtach saoránaigh agus gnóthaí a chur ar an eolas maidir lena gcuid freagrachtaí mar tháirgeoirí dramhaíola.

6.12.3.3 Athúsáid

Cuirfidh an Chomhairle méadú chun cinn ar an méid dramhaíola a athúsáidtear agus a athchúrsáiltear de réir *Phlean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár Tíre*. Má athúsáidtear ábhair, féadfaidh sé sin cur leis an bpobal augs an geilleagar áitiúil.

6.12.3.4 Athchúrsáil

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag Éirinn le déanaí maidir lena cuid feidhmíocht athchúrsála rud ar comhartha é ar deireadh den fheasacht atá ag fás i measc an phobail.

6.12.3.5 Tarrtháil

Is áis aisghabhála faoi úinéireacht phoiblí é an áis Dramhaíl go Fuinneamh (DgF) Invader i nDamhliag a bhfuil an acmhainn aici feidhmiú i ndiaidh an Phlean seo.

6.12.3.6 Diúscairt

Is áis líonta talún faoi úinéireacht phoiblí é an líonadh talún Líonadh Talún Knockharley, gar do Bhaile an Cheantaigh, a bhfaightear rochtain air ón bPríomhbhealach Náisiúnta N2, agus tá an acmhainn aici feidhmiú i ndiaidh shaolré an Phlean seo. Aithnítear go bhfuil acmhainn theagmhasach líonta talún ag teastáil chun déileáil le cásanna éigeandála, mar shampla dramhaíl a bheadh ann mar gheall ar ráig den ghalar crúibe is béil a bhainistiú.

6.12.3.7 Dramhaíl Tógála agus Scartála

De réir *Phlean Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár na Tíre 2015-2021*, is éard is Dramhaíl Tógála agus Scartála (T&S) ná an dramhaíl ar fad a eascraíonn as gníomhaíochtaí T&S, lena n-áirítear ithir thochailte as láithreáin éillithe, ach tá an sainmhíniú sin faoi réir athruithe an t-am ar fad. Aithnítear sa *Phlean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola* gurb é sil-leagan seachas feabhsú an ghníomhaíocht is mó a bhíonn ag tarlú ag go leor de na láithreáin seo agus d'fhéadfadh sé seo fadhbanna a chruthú do ghnáthóga. Nuair a chuirtear an t-aistírú ó líonadh talún san áireamh freisin, a seoltar méid suntasach dramhaíola T&S chuige, beidh gá le roghanna eile tarrthála chun dramhaíl T&S a éascú sna blianta atá amach romhainn. Sna *Rialúcháin an CE (Treoir Dramhaíola) 2011*, leagtar síos sprioc go ndéanfar 70% de dhramhaíl T&S de dhéantús an duine in Éirinn a athúsáid, a athchúrsáil agus a aisghabháil faoi 2020. Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéantar acmhainn chun Dramhaíl T&S a bhainistiú ar fáil agus tá sé sin ag teastáil chun éascaíocht a dhéanamh ar phríomhfhorbairt eacnamaíoch sa Chontae. Chomh maith leis sin, tá áis ag teastáil le haghaidh ithreacha neamhéillithe agus neamhghuaiseacha, a easpórtáiltear faoi láthair.

6.12.3.8 Dramhaíl Ghuaiseach

Táirgeann gach réimse den phobal dramhaíl ghuaiseach agus den chuid is mó is iad oibreoirí údaraithe a dhéanann bainistiú uirthi. Tá leagan leasaithe den *Phlean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola Guaisí 2014-2020* curtha ar fáil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Cuirtear san áireamh ann an dul chun cinn atá déanta ón bplean roimhe seo agus na hathruithe atá tarlaithe maidir le beartas dramhaíola agus reachtaíocht agus áirítear leis sin cuspóir go mbeifear féinchothaithe ó thaobh dramhaíl ghuaiseach a bhainistiú.

6.13 Bainistíocht Bruscair

Is fadhb comhshaoil í an bruscar a chuireann isteach go mór ar chuma na gceantar uirbeach agus tuaithe. Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le Contae a chosaint ar dhumpáil agus fógraíocht fhánach agus an timpeallacht a choimeád saor ó bhruscar. Ní mór do gach Údarás Áitiúil Plean Bainistíochta Bruscair a ullmhú dá gceantar. Foilsíodh an Dréachtphlean Bainistíochta Bruscair 2019-2021 i R3 2019. Leagtar amach ann cuspóirí na Comhairle maidir le bruscar a chosc agus a rialaú, chomh maith le bearta chun feachtas ar an gceist i measc an phobail a ardú. Tá Údarás Áitiúil freagrach as bruscar a chosc agus a rialaú agus tá sé de chumhacht acu bearta forfheidhmithe a ghlacadh i gcoinne daoine a sháraíonn na dlíthe seo. Tá sé de chumhacht ag an nGarda Síochána fíneálacha ar an láthair mar gheall ar chionta bruscair.

Is comórtas seanbhunaithe timpeallachta é Comórtas na mBailte Slachtmhara in Éirinn. Eagraíonn an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil an comórtas. Tá athrú tagtha ar nádúr an chomórtais in imeacht ama. Ar dtús, ba chomórtas frithbhruscair a bhí ann ach anois is comórtas níos leithne comhshaoil atá ann. Tá catagóirí éagsúla ann, lena n-áirítear rannpháirteas agus pleanáil phobail, an timpeallacht thógtha agus an sráid-dreach, tírdhreachú agus spásanna oscailte, bithéagsúlacht, rialú bruscair, bainistíocht dramhaíola, sráideanna agus ceantair chónaitheacha, bóithre ar an mbealach isteach agus limistéir chúlra.

Tá líon suntasach grúpaí pobail áitiúla deonacha eile bunaithe ar fud an Chontae. Glacann siad páirt an-ghníomhach chomh maith in ardchaighdeán cothabhála a choimeád inár bpobail taobh amuigh de phróiseas foirmiúil na mBailte Slachtmhara. Faigheann na grúpaí sin tacaíocht shuntasach ón gComhairle óthaobh trealamh a sholáthar de.

6.13.1 Truailliú an Aeir

Aithníodh gurb é an truailliú aeir mar an phríomhchúis chomhshaoil le bás anaibí san Eoraip. Bíonn tionchair ag droch-cháilíocht aeir ar an ngeilleagar, mar gheall ar mhéadú ar chostais cúraim sláinte agus laethanta oibre a chailleadh.

Is é ról na Comhairle i dtaca le cáilíocht aeir ná laghdú ar thruailliú aeir a chur chun cinn tríd an reachtaíocht ábhartha a chur i bhfeidhm agus comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir le dea-chleachtas. Áirítear le dúshlán maidir le truailliú aeir:

- Astaíochtaí ó iompar, ach go háirithe ó iompar bóthair (carranna, busanna agus HGVanna) agus ón iarnród, ón aer agus loingeas;
- Astaíochtaí tionsclaíocha agus tionsclaíocha;
- Astaíochtaí ó dhó breoslaí iontaise in áiteanna cónaithe;
- Astaíochtaí ó thinte - tinte tí, tinte aitinn, tinte ar phortaigh srl a bhféadfadh droch-cháilíocht aeir a bheith ann mar thoradh orthu go háitiúil;

Tá an Chéad Straitéis um Aer Glan¹⁶ de chuid na hÉireann á forbairt faoi láthair agus bhíothas ag cuardach aighneachtaí ar an dréacht-Straitéis le linn 2018. *“Cuirfidh an Straitéis creatlach ar fáil i gcomhar sraith beartas agus gníomhartha uile-Rialtais chun astaíochtaí dochracha a laghdú agus feabhas a chur ar cháilíocht aeir agus sláinte an phobail chun oibleagáidí idirnáisiúnta agus an AE sa lá atá inniu ann agus amach anseo a chomhlíonadh”.*

Tá an phríomhfhreagracht as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht aeir, chomh maith le nádúr agus méid na n-astaíochtaí, ar an GCC. Faoin Acht um Thruailliú Aeir, 1987, tá an phríomhfhreagracht as aghaidh a thabhairt ar theagmhais truaillithe aeir ar údaráis áitiúla.

Is féidir torthaí na monatóireachta cáilíochta aeir a fheiceáil ar shuíomh gréasáin na GCC¹⁷. Thug an GCC Clár Náisiúnta um Cháilíocht an Aeir Chomhthimpeallaigh isteach agus cuirfear líon níos mó áiteanna monatóireachta ar bun. Tabharfar ceann amháin isteach san Uaimh go déanach in 2019.

Tá cáilíocht mhaith aeir agus dul chun cinn maidir leis an athrú aeráide nasctha go dlúth le chéile. Déanann Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide eolas do, agus cuireann sé chun cinn, feabhsuithe dearfacha sa réimse sin.

6.13.2 Truailliú Torainn

Déantar cur síos ar thorann mar rud *“atá chomh torannach, chomh leanúnach, chomh minic sin, nó atá de leibhéal nó achar den chineál sin, nó a tharlaíonn ag amanna áirithe ionas go bhfuil cúis réasúnta le crá croí ag duine”*¹⁸.

Ciallaíonn torann comhshaoil torann neamh-inmhianaithe nó dochrach ar an taobh amuigh a chruthaítear le gníomhaíochtaí an duine, lena n-áirítear torann a dhéanann modhanna iompair, iarnróid bhóthair agus aerthrácht agus ó shuíomhanna gníomhaíochta tionsclaíche. Tá sé i measc na gcúiseanna is minice le gearáin maidir le saincheisteanna comhshaoil in Éirinn agus ar fud na hEorpa, go háirithe i gceantair uirbeacha dhlúthdhaonra nó ceantair chónaithe.

Éilítear le Treoir an AE maidir le Torann Comhshaoil go n-ullmhaíonn Údaráis Áitiúla Mapaí Straitéiseacha Torainn agus leananna gníomhaíochta a ullmhú ina leagtar amach bearta maolaithe chun tionchair dhiúltacha an torainn a laghdú. Aithneofar sna pleananna sin limistéir chiúine a meastar go bhfuil tionchair dhearfacha acu ar shláinte na ndaoine.

D’ullmhaigh an Chomhairle Plean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn (2018) i gcomhréie le ceanglais na Rialachán um Thorann Comhshaoil (I.R. Uimh. 140 de 2006). Moltar sa Phlean Gníomhaíochta in aghaidh Torainn (bunaithe ar iompar den chuid is mó) bainistíocht straitéiseach fhadtéarmach an torainn comhshaoil mar gheall ar chórais iompair, is é sin torann trácht.

¹⁶ www.dccae.gov.ie/documents/CleanAirStrategy

¹⁷ www.epa.ie/air/quality/monitor

¹⁸ An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (RCGAC).

Tá codanna den Chontae lonnaithe sna criosanna torainn amuigh agus istigh agus sa chrios sábháilteachta poiblí amuigh d'aefort Bhaile Átha Cliath agus tá srianta pleanála i bhfeidhm do na criosanna torainn amuigh agus istigh. Cuirfear aon iarratas pleanála d'fhorbairtí sna criosanna sin ar aghaidh chuig Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath chun tuairim a fháil d'fhonn aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aige a laghdú¹⁹.

6.13.3 Truailliú Solais

Tá soilse saorga ag teastáil chun áiseanna tionscail agus fóillíochta a oibriú agus ár dtithe a shoilsiú, ach féadfaidh soilsiú míchuí nó iomarcach dochar a dhéanamh ach go háirithe don fhiadhúlra agus sláinte an duine, mar cuireann soilsiú isteach ar chodladh. Bíonn leibhéal níos airde truaillithe solais ann mar gheall ar fhorbairt mhéadaithe. Mar sin, ní mór bearta a thabhairt isteach chun tionchair dhochracha an truaillithe solais a íoslghdú chun a chinntiú go bhfuil soilsiú cuí i bhforbairtí nua agus go gcosnaítear ceantair atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de.

Is é beartas na Comhairle:

BEA BON 61	Éascaíocht a dhéanamh ar fheidhmiú na Reachtaíochta Náisiúnta Dramhaíola agus an Bheartais Réigiúnaigh Bhainistíochta Dramhaíola.
BEA BON 62	Soláthar bailiúchán ar leith do dhramhaíl a spreagadh, agus tacú leis sin, ar fud an Chontae i gcomhréir le riachtanais na Rialachán maidir le Bainistíocht Dramhaíola (Dramhbhia Tí) 2009, Rialacháin na Creat-Treorach maidir le Dramhaíl, 2011, na Rialacháin maidir le Bainistíocht Dramhaíola (Dramhbhia Tráchtála) 2015 agus reachtaíocht ábhartha eile chun na riachtanais sa Phlean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola a shásamh.
BEA BON 63	Forbairt bonneagair dramhaíola agus forbairtí lena mbaineann a spreagadh in áiteanna cuí, de réir mar a mheastar a bheith cuí i gcomhréir le riachtanais Plean Réigiúnach Bainistithe Dramhaíola an Oirthir agus Lár na Tíre agus i gcomhréir leis na Dréacht-Treoirínte maidir le hÁiseanna Dramhaíola a Lonnú 2016 (nuair a chuirtear i gcrích iad) nó aon treoirínte a thagann ina n-áit ina dhiaidh sin.
BEA BON 64	Méadú agus feabhsú ar chóras trí bhosca bruscair (ábhair thirime in-athchúrsáilte, dramhaíl orgánach agus dramhaíl eile) a spreagadh, agus tacaíocht a thabhairt dó sin, d'fhonn caighdeán agus méid na n-ábhar a bhailítear lena n-athchúrsáil a fheabhsú, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha.
BEA BON 65	Glacadh le forálacha ord na réiteach dramhaíola agus beartas a chur i bhfeidhm maidir le riachtanais an Chontae faoin bPlean Bainistíochta Dramhaíola reatha nó aon Phlean ina dhiaidh sin. Beifear ag súil leis go dtabharfar aird i ngach forbairt mholta sa Chontae ar fhorálacha an phlean bhainistíochta dramhaíola réigiúnaigh agus go gcloífead le héilimh an Phlean sin. Cuirfear prionsabal na cóngarachta agus gluaiseacht idir-réigiúnach na dramhaíola san áireamh.
BEA BON 66	A áirithiú go dtugtar aghaidh ar dhramhaíl ghuaiseach le cur chuige comhtháite maidir le cosc, bailiú agus athchúrsáil, agus forbairt scéimeanna freagrachta táirgeora faoi stiúir an tionscail a spreagadh le haghaidh príomhshruithanna dramhaíola.

¹⁹ Féach Cuid 5.11 An Earnáil Eitlíochta agus mapa 11.1 in Imleabhar 4 den Phlean

BEA BON 67	Leanúint d'oidreachas agus feasacht maidir le gach saincheist a bhaineann le bainistíocht dramhaíola a chur chun cinn agus a spreagadh ag an scoil, sa bhaile, i bhfiontair agus i measc an phobail.
BEA BON 68	Pobail a chur chun cinn agus a éascú le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí feasachta comhshaoil agus i dtionscnaimh athchúrsála nó bainistíochta comhshaoil bunaithe sa phobal as a dtiocfaidh cleachtais áitiúla inbhuanaithe maidir le bainistíocht dramhaíola.
BEA BON 69	Éileamh a dhéanamh go soláthrófar ionaid fág anseo, bainc buidéal nó áiseanna athchúrsála cuí eile mar chuid d'fhorbairt fhoriomlán i gcás áiseanna nua nó sínithe tráchtála, fostaíochta, oidreachas nó fóillíochta agus forbairtí cónaitheach bainistithe ²⁰ .
BEA BON 70	Athchúrsáil dramhaíola tógála agus scartála agus athúsáid ábhair tathagaithe agus ábhair eile i dtionscadail tógála amach anseo a spreagadh.

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

CUS BON 55	An t-athrú ó gheilleagar um bainistiú dramhaíola go dtí geilleagar glas ciorclach a éascú d'fhonn deiseanna fostaíochta a threisiú agus chun luach, tarrtháil agus athchúrsáil acmhainní a mhéadú.
CUS BON 56	Éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar áiseanna iomchuí aisghabhála agus diúscartha dramhaíola i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Phlean Bainistíochta Dramhaíola iomchuí is infheidhme ó am go ham arna dhéanamh i gcomhréir leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 (arna leasú).
CUS BON 57	Tacú le forbairtí riachtanacha chun dramhbhia a bhainistiú i gcomhréir le ceangaltais na Rialachán maidir le Bainistiú Dramhaíola (Dramhbhia) agus an Phlean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnaigh.
CUS BON 58	Leanúint de na tionscnaimh feasachta comhshaoil a leahnú, tionscnaimh atá deartha chun feasacht an phobail maidir le cosc, íoslághdú, athúsáid agus éifeachtacht acmhainne dramhaíola a mhéadú.
CUS BON 59	Comhoibriú leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus páirithe leasmhara ábhartha eile chun tograí a chur i bhfeidhm a dhíspreagann diúscairt mhídhleathach nó mhíchuí dramhaíola agus a chuireann atreorú earraí in-athchúrsáilte chun cinn ó sruthanna dramhaíola, scéimeanna “buidéal a thabhairt ar ais agus aisíocaíocht a fháil” san áireamh.
CUS BON 60	Iarracht a dhéanamh chun a chinntiú, i gcomhar le húdarais ábhartha, go bhfuil bainistiú agus monatóireacht iomchuí á ndéanamh ar áiseanna bainistíochta dramhaíola de réir na ndea-chleachtas chun an méid gníomhartha éifeachtúlachta is féidir a bhaint amach agus chun sláinte an duine agus an comhshaol nádúrtha a chosaint.
CUS BON 61	Bonneagar/teicneolaíocht aisghabhála agus diúscartha dramhaíola inbhuanaithe ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus a éascú, lena n-áirítear ionaid múirínithe (díleá anaeróbach) chun dramhaíl sholadach orgánach a bhainistiú, ag áiteanna cuí sa

²⁰ Féach Cuid 11.8 Caihdeáin Bainistíochta Forbartha maidir le Forbairt Tráchtála

	Chontae, faoi réir taitneamhacht an chomhshaoil thart orthu a chosaint, Láithreáin Eorpacha san áireamh, agus ar aon dul le hord na réiteach dramhaíola de chuid an AE.
CUS BON 62	Láithreáin oiriúnacha a aithint i gcomhair ionaid athchúrsála bhreise agus áiseanna ionad fág anseo, faoi réir maoiniú oiriúnach agus bonneagar oiriúnach a bheith ar fáil ón earnáil phoiblí nó an earnáil phríobháideach, de réir mar is cuí.
CUS BON 63	Iarracht a dhéanamh caidreamh éifeachtach a bhunú le pobail áitiúla sa Mhí chun a ról in athchúrsáil dramhaíola a chur chun cinn agus chun tabhairt faoi na beartais a bhaineann le dumpáil mhídhleathach laistigh den Chontae trí oibriú leis an Oifigeach Feasachta Comhshaoil.
CUS BON 64	Grúpaí pobail/deonacha a spreagadh chun áiseanna nó seirbhísí dramhaíola breise a bhunú (m. sh. áiseanna ar scála beag ar mhaithe le hathchúrsáil, athúsáid/deisiú) ina limistéar féin agus tacú leo chun straitéis a fhorbairt chun áiseanna den chineál sin a sholáthar do bhaill dá bpobal agus in éineacht leo.
CUS BON 65	A áirithiú go ndéantar freastal leordhóthanach ar athchúrsáil dramhaíola tí i ngach forbairt cónaithe nua. Déanfar é sin le linn measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála tríd an bpróiseas Bainistíochta Forbartha.
CUS BON 66	Dul i gcomhairle le, oibriú le agus tacú le hUisce Éireann chun Plean Náisiúnta Bainistíochta Solda a ullmhú agus iarracht a dhéanamh moltaí an phlean sin a chur i bhfeidhm.
CUS BON 67	Tacú le forbairt an bhonneagair is gá chun cuspóirí Phlean Bainistíochta Sloda na Mí a bhaint amach, ag féachaint do na Treoirínte maidir le hÁiseanna Dramhaíola a Lonnú (nuair a ghlacfar leo).
CUS BON 68	Éileamh ar fhorbróirí pleananna bainistíochta dramhaíola tógála agus scartála a ullmhú i gcomhair tionscadail tógála nua atá os cionn tairseacha áirithe a chomhlíonfar na spriocanna athchúrsála/aisghabhála ábhartha i gcomhair dramhaíola den chineál sin i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta agus le beartas bainistíochta dramhaíola náisiúnta agus réigiúnach.
CUS BON 69	Tacú le forbairt áiseanna chun freastal ar dhramhaíl tráchtála nach bhforáiltear di sa chóras bailiúcháin bruscair ó cholbha an chosáin, amhail dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, bruscar den chineál tógála agus scartála agus ábhair ghuaiseacha, i gcomhréir le ceangaltais Phlean Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre.
CUS BON 70	Leanúint de laghdú a dhéanamh ar chaitheamh bruscair trí leanúint de Phlean Bainistíochta Bruscair na Comhairle a chur i bhfeidhm agus a nuashonrú.
CUS BON 71	Leanúint de thacaíocht a thabhairt do agus a bheith ag obair le tionscnaimh áitiúla agus de chuid na mBailte Slachtmhara maidir le caomhnú agus cothabháil a dhéanamh ar ár bpobail áitiúla uirbeacha agus tuaithe ar fud an Chontae.
CUS BON 72	Leanúint de mhonatóireacht a dhéanamh ar thorthaí maidir le cáilíocht aeir agus torainn a chuirtear isteach ó áiteanna roghnaithe ar fud an Chontae i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Sóisialta.

CUS BON 73	Tacú le sonraí monatóireachta maidir le cáilíocht aeir agus gás ceaptha teasa a thabhairt le chéile chun tacú le fardal réigiúnach de cháilíocht aeir agus d'astaíochtaí gáis ceaptha teasa.
CUS BON 74	Tacú le agus éascaíocht a dhéanamh ar mhapaí agus pleananna gníomhaíochta straitéiseacha torainn a ullmhú, i gcomhar le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre, a thacaíonn le bearta réamhghníomhacha chun torann a sheachaint, a mhaolú agus a íoslaghdú, i ngach cás inar dócha go mbeidh tionchair dhiúltacha aige.
CUS BON 75	Éileamh a dhéanamh go n-íoslaghdaíonn tograí le haghaidh soilse ar an taobh amuigh na tionchair dhochracha a bhaineann le truailliú solais agus a chinntiú go bhfuil soilse nua ar an tsráid oiriúnach don áit áirithe agus go gcosnaítear ceantair atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de ar chineálacha míchuí soilse.